**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P10_TA(2025)0214

## Seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia

**Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 8 Deireadh Fómhair 2025 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le seasamh na bhfeirmeoirí a neartú i slabhra an tsoláthair bia (COM(2024)0577 – C10-0209/2024 – 2024/0319(COD))**[1]

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír (A10-0161/2025).

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (1) Tá earnáil na talmhaíochta, agus feirmeoirí go háirithe, ag dul i ngleic le go leor dúshlán. Mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus ar chogadh foghach leanúnach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tá méadú nach bhfacthas riamh roimhe tagtha ar chostais ionchuir talmhaíochta a bhaineann le fuinneamh agus tá tréimhse fhada boilscithe ann, rud a dhéanann difear do chostais feirmeoirí agus do phraghsanna bia. An tráth céanna, leanann feirmeoirí d'iarrachtaí a dhéanamh a dtáirgeadh a dhéanamh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Rinne go leor tomhaltóirí, a bhíonn ag dul i ngleic le costas maireachtála méadaithe, a bpatrúin tomhaltais a dhíriú ar tháirgí bia nach bhfuil chomh costasach céanna. ***Mar gheall air sin,*** rinneadh dáileadh an bhreisluacha feadh shlabhra an tsoláthair bia a dhíchobhsú a thuilleadh agus tháinig méadú ar an leibhéal éiginnteachta ina n-oibríonn feirmeoirí, rud a spreagann agóidí agus mímhuinín. Is iomchuí, dá bhrí sin, bearta a ghlacadh chun dul i ngleic leis na dúshláin sin agus chun muinín na ngníomhaithe i slabhra an tsoláthair bia a athbhunú. | (1) Tá réimse dúshlán roimh earnáil na talmhaíochta, go háirithe roimh fheirmeoirí, ***a áirithíonn slándáil bia***. Mar thoradh ar phaindéim COVID-19, ar ***éagobhsaíocht mhéadaitheach sa trádáil dhomhanda, ar theagmhais adhaimsire atá ag dul i méid*** ar chogadh foghach leanúnach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tá méadú nach bhfacthas riamh roimhe tagtha ar chostais ionchuir talmhaíochta a bhaineann le fuinneamh agus tá tréimhse fhada boilscithe ard ann, rud a dhéanann difear do chostais feirmeoirí agus do phraghsanna bia. An tráth céanna, leanann feirmeoirí d'iarrachtaí a dhéanamh a dtáirgeadh a dhéanamh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ***agus tá ualach suntasach rialála orthu mar gheall ar ró-rialáil***. Rinne go leor tomhaltóirí, a bhíonn ag dul i ngleic le costas maireachtála méadaithe, a bpatrúin tomhaltais a dhíriú ar tháirgí bia nach bhfuil chomh costasach céanna. ***Leis na tosca uile thuas, rinneadh*** dáileadh an bhreisluacha feadh shlabhra an tsoláthair bia a dhíchobhsú tuilleadh agus méadaíodh an leibhéal éiginnteachta ina n-oibríonn ***feirmeoirí, go háirithe feirmeacha beaga agus meánmhéide,*** rud a spreagann agóidí agus mímhuinín. Is iomchuí, dá bhrí sin, bearta a ghlacadh chun dul i ngleic leis na |

| | |
|---|---|
| | dúshláin sin ***agus chun cothroime agus*** muinín na ngníomhaithe i slabhra an tsoláthair bia ***a athbhunú, chomh maith le hioncam feirmeoirí a chosaint agus muinín daoine óga i ngairm na feirmeoireachta a mhéadú.*** |
| **Leasú 2**<br><br>**Togra le haghaidh rialacháin**<br>**Aithris 1 a (nua)** | |
| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| | ***(1a) Chun seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair agraibhia a neartú, is gá ról na n-eagraíochtaí táirgeoirí agus na gcomharchumann mar ghineadóirí breisluacha a neartú, trí bheartais phoiblí a rannchuidíonn le feabhas a chur ar chost-éifeachtúlacht, infheictheacht agus iomaíochas tháirgí a gcomhaltaí, chomh maith le feabhas a chur ar chumhacht mhargála na bhfeirmeoirí sin.*** |
| **Leasú 3**<br><br>**Togra le haghaidh rialacháin**<br>**Aithris 3** | |
| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| (3) Ar mhaithe le muinín agus cothroime mhéadaithe feadh shlabhra an tsoláthair bia, níor cheart na téarmaí ‘cothrom’, ‘cothromasach’ nó téarmaí coibhéiseacha a úsáid ach amháin | (3) Ar mhaithe le muinín agus cothroime mhéadaithe feadh shlabhra an tsoláthair bia, níor cheart na téarmaí ‘cothrom’, ‘cothromasach’ nó téarmaí coibhéiseacha a úsáid ach amháin |

chun módúlachtaí tráchtála a ainmniú lena n-áirithítear cobhsaíocht agus trédhearcacht sa chaidreamh tráchtála idir feirmeoirí agus ceannaitheoirí agus sa phraghsáil a mheasann feirmeoirí rannpháirteacha a bheith cothromasach, agus lena dtacaítear agus lena rannchuidítear le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ar bhealach atá comhsheasmhach le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus gComhairle[5] freisin.

[5] Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859, IO L, 2024/1760, 5.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1760/oj).

***le toiliú roimh ré agus feasach ó na feirmeoirí*** chun módúlachtaí tráchtála a ainmniú lena n-áirithítear cobhsaíocht agus trédhearcacht sa chaidreamh tráchtála idir feirmeoirí agus ceannaitheoirí agus sa phraghsáil a mheasann feirmeoirí rannpháirteacha a bheith cothromasach, agus lena dtacaítear agus lena rannchuidítear le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ar bhealach atá comhsheasmhach le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle freisin[5]. ***Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, praghsáil thrédhearcach a ráthú, agus go ndáilfear an luach sin go comhréireach feadh an bhiashlabhra agus go léireofar leis na hiarrachtaí a dhéanann gach páirtí, go háirithe feirmeoirí, agus na rioscaí a ghlacann siad, arb iad an nasc is leochailí sa slabhra sin iad.***

[5] Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859, IO L, 2024/1760, 5.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1760/oj).

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(3a) Chun biafhlaitheas an Aontais a neartú, chun tacú le hioncaim feirme agus chun córais inbhuanaithe a áirithiú, ba cheart tosaíocht Eorpach do tháirgí talmhaíochta an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear i socruithe soláthair phoiblí agus stórála. Ba cheart go gcuideodh an tosaíocht sin leis an spleáchas ar allmhairí a laghdú agus ba cheart go mbeadh mar thoradh uirthi táirgeadh a chuireann le luach a bheith 'athshlánaithe' laistigh den Aontas.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (4) Níor cheart an téarma 'slabhra soláthair gairid' a úsáid ach amháin chun módúlachtaí tráchtála a ainmniú i gcás inarb ann do nasc díreach idir ***feirmeoirí*** agus tomhaltóirí lenar féidir malartú ***díreach*** a dhéanamh faoin bpróiseas táirgthe agus faoin táirge, lena n-áirítear malartú trí chianchumarsáid agus/nó trí idirghabhálaí a áirithíonn an malartú sin tráth an díolacháin. De rogha air sin, sa bhreis air sin féadfar an téarma sin a úsáid i gcás ina bhfuil dlúthnasc idir feirmeoirí agus tomhaltóirí ***laistigh dá*** ngaireacht gheografach, lena n-áirítear i gcomhthéacsanna trasteorann. | (4) Ba cheart an téarma 'slabhra soláthair gairid' a úsáid ***le toiliú roimh ré ón bhfeirmeoir agus*** níor cheart é a úsáid ach amháin chun módúlachtaí tráchtála a ainmniú i gcás inarb ann do nasc díreach ***nó do líon teoranta idirghabhálaithe*** idir ***an feirmeoir, na comharchumainn nó an eagraíocht táirgeoirí*** agus tomhaltóirí lenar féidir malartú a dhéanamh ar an bpróiseas táirgthe agus ar an táirge, lena n-áirítear trí chianchumarsáid agus/nó trí idirghabhálaí a áirithíonn an malartú sin tráth an díola. De rogha air sin, féadfar an téarma sin a úsáid freisin i gcás |

Spreagfaidh sé sin tomhaltóirí chun praghsanna a íoc lena dtabharfar luach saothair cothrom d’fheirmeoirí as an méid a tháirgeann siad, lena neartófar forbairt na gceantar tuaithe agus lena rannchuideofar léi, lena bhfeabhsófar trédhearcacht maidir le tionscnamh agus modhanna táirgthe na dtáirgí.

inarb ***ann do*** dhlúthnasc idir feirmeoirí agus tomhaltóirí***, lena n-áirítear i bhfoirm díolacháin ar líne, nó i gcás inarb*** ann do ghaireacht gheografach eatarthu, lena n-áirítear i gcomhthéacsanna trasteorann. ***Ba cheart gaireacht gheografach a thomhas i dtéarmaí achar nó am iompair laghdaithe.***
Spreagfaidh sé sin tomhaltóirí chun praghsanna a íoc lena dtabharfar luach saothair cothrom d’fheirmeoirí as an méid a tháirgeann siad, lena neartófar forbairt na gceantar tuaithe agus lena rannchuideofar léi, lena bhfeabhsófar trédhearcacht maidir le tionscnamh agus modhanna táirgthe na dtáirgí. ***Ba cheart feidhm a bheith aige maidir le táirgí a tháirgtear sa mhargadh aonair agus a chuirtear ar an margadh aonair. Cuirfidh an uirlis sin le trédhearcacht mhéadaithe agus le ceartas eacnamaíoch agus le hathbheochan limistéar tuaithe, gan dochar d’fheidhmiú an mhargaidh aonair.***

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) I bhfianaise na ndálaí margaidh, na n-ionchas tomhaltóirí atá ag athrú, dul chun cinn i gcaighdeáin mhargaíochta agus i gcaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha araon, ***ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún*** | (5) I bhfianaise dhálaí an mhargaidh, ionchais athraitheacha tomhaltóirí, dul chun cinn i gcaighdeáin mhargaíochta agus i gcaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha araon, ***ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i*** |

***chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le húsáid*** na dtéarmaí roghnacha lena n-ainmnítear módúlachtaí tráchtála a bhaineann le leithdháileadh cothrom an bhreisluacha d'fheirmeoirí agus le slabhraí soláthair gairide a chruthú agus a choinneáil ar bun. ***Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].***

***gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le húsáid*** na dtéarmaí roghnacha lena n-ainmnítear módúlachtaí tráchtála a bhaineann le leithdháileadh cothrom an bhreisluacha d'fheirmeoirí agus le cruthú agus cothabháil slabhraí soláthair gairide. ***Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[5a]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.***

---

***[5a] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.***

***[6] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an***

***16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Cé go bhféadfaidh na Ballstáit forálacha náisiúnta a choinneáil nó a thabhairt isteach lena sonraítear ceanglais fhorlíontacha maidir le húsáid téarmaí roghnacha do mhódúlachtaí tráchtála, níor cheart leis na forálacha sin bac ná teorainn ná constaic a chur le húsáid na dtéarmaí sin i gcás táirgí a tháirgtear nó a mhargaítear go dleathach i mBallstát eile. | (7) Cé go bhféadfaidh na Ballstáit forálacha náisiúnta a choinneáil nó a thabhairt isteach lena sonraítear ceanglais fhorlíontacha maidir le húsáid téarmaí roghnacha le haghaidh módúlachtaí tráchtála, níor cheart go gcuirfeadh na forálacha sin bac, teorainn ná bac ar úsáid na dtéarmaí sin i gcás táirgí a tháirgtear nó a mhargaítear go dleathach i mBallstát eile ***ná níor cheart go gcuirfeadh siad ualach rialála ar fheirmeoirí, go háirithe feirmeacha beaga agus meánmhéide.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Tá ról ***ríthábhachtach*** ag úsáid conarthaí i scríbhinn maidir | (8) Tá ról ***tábhachtach*** ag úsáid conarthaí i scríbhinn maidir |

le cuntasacht oibreoirí, feasacht a mhúscailt i ndáil leis an tábhacht a bhaineann le comharthaí margaidh, an soláthar a oiriúnú don éileamh, tarchur praghsanna laistigh den slabhra soláthair a fheabhsú, trédhearcacht a fheabhsú agus cleachtais éagóracha trádála a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart, dá bhrí sin, na rialacha maidir le caidreamh conarthach in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne a leathnú chun táirgí seachas bainne amh a chumhdach, agus ailíniú leis na rialacha maidir le caidreamh conarthach is infheidhme maidir le hearnálacha talmhaíochta eile á áirithiú ag an am céanna.

le cuntasacht oibreoirí, feasacht a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann le comharthaí margaidh, an soláthar a chur in oiriúint don éileamh, feabhas a chur ar tharchur praghsanna laistigh den slabhra soláthair, trédhearcacht a fheabhsú agus cleachtais éagóracha trádála a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu agus ***praghsáil a urramú lena n-áirithítear luach saothair cothrom d'fheirmeoirí. Ag an am céanna, tá úsáid conarthaí i scríbhinn ríthábhachtach chun cleachtais trádála mhí-úsáideacha a tharlaíonn go minic a chosc, amhail íocaíochtaí déanacha, cealú aontaobhach orduithe agus leasú cúlghabhálach ar théarmaí conartha. Bíonn tionchar ar leith ag na cleachtais sin ar tháirgeoirí beaga, nach bhfuil na modhanna dlíthiúla acu chun iad féin a chosaint.*** Ba cheart, dá bhrí sin, na rialacha maidir le caidreamh conarthach in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne a leathnú chun táirgí seachas bainne amh a chumhdach, agus ailíniú leis na rialacha maidir le caidreamh conarthach is infheidhme maidir le hearnálacha talmhaíochta eile á áirithiú ag an am céanna. ***Dá bhrí sin, trí na bearta sin a chur chun feidhme, cruthófar creat do tháirgeoirí talmhaíochta, lena dtabharfar an chosaint is gá dóibh chun leas a bhaint as a dtáirgeadh agus é a phleanáil agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le forbairt an gheilleagair áitiúil.***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (9) Chun solúbthacht do na Ballstáit a mhéadú agus chun an nós imeachta um aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí a shimpliú, agus ar an gcaoi sin costais idirbheart a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú, ba cheart a cheadú leis na rialacha maidir le heagraíochtaí táirgeoirí go n-aithneofaí iad tar éis aon iarraidh amháin lena gcumhdófaí earnálacha iomadúla agus táirgí iomadúla. Thairis sin, ***chun comhar idir táirgeoirí táirgí orgánacha a fheabhsú, ba cheart foráil shainráite a dhéanamh maidir le táirgeoirí táirgí orgánacha*** eagraíochtaí táirgeoirí a bhunú agus aitheantas a thabhairt dóibh. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin sna critéir maidir le haitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus dá reachtanna go mbunófar eagraíochtaí táirgeoirí ar thionscnamh feirmeoirí agus go rialófar iad i gcomhréir le rialacha a chuirfidh ar chumas comhaltaí feirmeoirí grinnscrúdú daonlathach a dhéanamh ar a n-eagraíocht agus ar a gcinntí. ***Níor cheart go gcuirfeadh sé sin bac ar tháirgeoirí eile nach feirmeoirí iad, ná ar neamhtháirgeoirí dul isteach in eagraíochtaí táirgeoirí.*** | (9) Chun solúbthacht do na Ballstáit a mhéadú agus chun an nós imeachta um aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí a shimpliú, agus ar an gcaoi sin costais idirbheart a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú, ba cheart a cheadú leis na rialacha maidir le heagraíochtaí táirgeoirí go n-aithneofaí iad tar éis aon iarraidh amháin lena gcumhdófaí earnálacha iomadúla agus táirgí iomadúla. Thairis sin, ***tá táirgeoirí táirgí orgánacha in ann leas a bhaint as an bhféidearthacht atá ann cheana maidir le*** heagraíochtaí táirgeoirí a bhunú agus aitheantas ***a thabhairt dóibh chun feabhas a chur ar a gcomhar***. Ba cheart foráil a dhéanamh freisin sna critéir maidir le haitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí agus dá reachtanna go mbunófar eagraíochtaí táirgeoirí ar thionscnamh feirmeoirí ***nó, i gcás torthaí agus glasraí, ar thionscnamh táirgeoirí,*** agus go rialófar iad i gcomhréir le rialacha a chuirfidh ar chumas comhaltaí feirmeoirí grinnscrúdú daonlathach a dhéanamh ar a n-eagraíocht agus ar a gcinntí. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (10) Chun tuilleadh forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn, ar croíphrionsabal den Chonradh é agus ar cuspóir tosaíochta é le haghaidh bheartais an Aontais, agus chun trédhearcacht, cobhsaíocht agus cothroime a áirithiú sa chaidreamh tráchtála idir feirmeoirí agus ceannaitheoirí ar fud an tslabhra soláthair, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí a shaothraíonn aidhmeanna sonracha le téarmaí roghnacha le haghaidh módúlachtaí tráchtála, amhail 'cothrom', 'cothromasach' nó téarmaí coibhéiseacha, agus 'slabhra soláthair gairid'. | (10) Chun tuilleadh forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn, ar croíphrionsabal den Chonradh é agus ar cuspóir tosaíochta é le haghaidh bheartais an Aontais, agus chun trédhearcacht, cobhsaíocht agus cothroime a áirithiú sa chaidreamh tráchtála idir feirmeoirí agus ceannaitheoirí ar fud an tslabhra soláthair, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí táirgeoirí a shaothraíonn aidhmeanna sonracha le téarmaí roghnacha le haghaidh módúlachtaí tráchtála, amhail 'cothrom', 'cothromasach' nó téarmaí coibhéiseacha, agus 'slabhra soláthair gairid'. ***Ina theannta sin, trí úsáid na dtéarmaí sin a chur chun cinn, d'fhéadfaí cabhrú le hoideachas a chur ar thomhaltóirí maidir le tionchar a roghanna tomhaltais ar chothroime shóisialta agus ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch san earnáil agraibhia.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (11) Chun caighdeán cóir maireachtála a áirithiú d'fheirmeoirí, feabhas a chur ar a seasamh margála i leith próiseálaithe agus gníomhaithe | (11) Chun caighdeán cóir maireachtála a áirithiú d'fheirmeoirí, feabhas a chur ar a seasamh margála i leith próiseálaithe agus gníomhaithe |

eile sa slabhra soláthair agus foráil a dhéanamh maidir le dáileadh níos cothroime breisluacha feadh an tslabhra soláthair, ba cheart an fhéidearthacht téarmaí conartha a chaibidliú thar ceann a gcomhaltaí a leathnú chuig eagraíochtaí neamhaitheanta táirgeoirí, lena n-áirítear comharchumainn, i dtaca le cuid dá dtáirgeadh nó a dtáirgeadh ar fad. Chun cóir chomhionann le comhaltaí d'eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí a áirithiú, ba cheart an fhéidearthacht sin a bheith faoi réir teorainneacha iomchuí. Go háirithe, ba cheart d'eagraíochtaí neamhaitheanta táirgeoirí a thairbhíonn den fhéidearthacht sin na critéir aitheantais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais a chomhlíonadh agus dul i mbun na ngníomhaíochtaí a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], lena n-áirítear an soláthar a chomhchruinniú agus táirgí a gcomhaltaí a chur ar an margadh.

[7] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh.

eile sa slabhra soláthair agus foráil a dhéanamh maidir le dáileadh níos cothroime breisluacha feadh an tslabhra soláthair, ba cheart an fhéidearthacht téarmaí conartha a chaibidliú thar ceann a gcomhaltaí a leathnú chuig eagraíochtaí neamhaitheanta táirgeoirí, lena n-áirítear comharchumainn, ***i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, i gcás cuid dá dtáirgeadh nó a dtáirgeadh ar fad ar choinníoll go bhfuil iarratas ar aitheantas taiscthe cheana féin ag na heagraíochtaí sin le Ballstát laistigh d'uastréimhse cúig bliana tar éis dóibh an t-iarratas ar aitheantas a chur isteach.*** Chun cóir chomhionann le comhaltaí d'eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí a áirithiú, ba cheart an fhéidearthacht sin a bheith faoi réir teorainneacha iomchuí. Go háirithe, ba cheart d'eagraíochtaí neamhaitheanta táirgeoirí a thairbhíonn den fhéidearthacht sin na critéir aitheantais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais a chomhlíonadh agus dul i mbun na ngníomhaíochtaí a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], lena n-áirítear an soláthar a chomhchruinniú agus táirgí a gcomhaltaí a chur ar an margadh.

[7] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh.

1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj).

1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj).

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Chun seasamh caibidlíochta eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí a neartú agus chun forbairt inmharthana táirgthe talmhaíochta a áirithiú, ba cheart cead a thabhairt do chomhlachais aitheanta d'eagraíochtaí táirgeoirí téarmaí conartha a chaibidliú thar ceann a gcomhaltaí, lena n-áirítear praghas, i gcás tháirgeadh a gcomhaltaí ar fad nó cuid díobh. Ba cheart an fhéidearthacht sin a cheadú, faoi réir coimirce nach bhfuil na heagraíochtaí ar comhaltaí iad de na comhlachais sin ina gcomhaltaí freisin de chomhlachas eile eagraíochtaí táirgeoirí agus nach bhfuil méid na dtáirgí a chumhdaítear le gníomhaíochtaí an chomhlachais níos mó ná 33 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán aon Bhallstáit ar leith. Chun iomaíocht éifeachtach sa mhargadh a choinneáil ar bun, níor cheart cead a bheith ag comhlachais aitheanta d'eagraíochtaí táirgeoirí téarmaí conartha a chaibidliú ach oiread i gcás ina bhfuil eagraíochtaí neamhaitheanta táirgeoirí ar áireamh sna comhlachais sin. | (12) Chun seasamh caibidlíochta na n-eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí a neartú agus chun forbairt inmharthana an táirgthe talmhaíochta a áirithiú, ba cheart cead a bheith ***ag comhlachais aitheanta eagraíochtaí táirgeoirí téarmaí conartha a chaibidliú thar ceann a gcomhaltaí, lena n-áirítear praghas, maidir le táirgeadh cuid dá gcomhaltaí nó táirgeadh iomlán a gcomhaltaí, cé is moite de thorthaí agus glasraí, ach amháin má iarrann na comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí amhlaidh go sainráite***. Ba cheart an fhéidearthacht sin a cheadú, faoi réir coimirce nach bhfuil na heagraíochtaí ar comhaltaí iad de na comhlachais sin ina gcomhaltaí freisin de chomhlachas eile eagraíochtaí táirgeoirí agus nach bhfuil méid na dtáirgí a chumhdaítear le gníomhaíochtaí an chomhlachais níos mó ná 33 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán aon Bhallstáit ar leith ***nó 5 % de tháirgeadh an Aontais ina iomláine.*** Chun iomaíocht éifeachtach sa mhargadh a choinneáil ar bun, níor cheart cead a bheith ag comhlachais |

aitheanta d’eagraíochtaí táirgeoirí téarmaí conartha a chaibidliú ach oiread i gcás ina bhfuil eagraíochtaí neamhaitheanta táirgeoirí ar áireamh sna comhlachais sin.

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a)Chun seasamh na n-eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí agus na gcomhlachas aitheanta eagraíochtaí táirgeoirí a neartú, ba cheart an deimhneacht dhlíthiúil agus an intuarthacht is gá a thabhairt dóibh chun a ngníomhaíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 39 CFAE. Chuige sin, ba cheart Airteagal 152(1a) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leasú chun na gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an mhaolaithe ar Airteagal 101(1) CFAE a shonrú, i gcomhréir le breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 14 Samhain 2017 i gCás C-671/15.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (13) Ionas nach mbainfidh ceannaitheoirí an bonn ó sheasamh margála na n-eagraíochtaí táirgeoirí, ba cheart coimircí iomchuí a bhunú le haghaidh teagmhálacha idir ceannaitheoirí agus comhaltaí de na heagraíochtaí táirgeoirí sin. Cé go bhféadfaidh ceannaitheoirí dul i dteagmháil le comhaltaí eagraíochtaí táirgeoirí, níor cheart go mbainfeadh na teagmhálacha sin an bonn ó chuspóirí na n-eagraíochtaí táirgeoirí, ná ó chomhchruinniú an tsoláthair agus ó chur táirgí ar an margadh. | (13) Ionas nach mbainfidh ceannaitheoirí an bonn ó sheasamh margála na n-eagraíochtaí táirgeoirí, ba cheart coimircí iomchuí a bhunú le haghaidh teagmhálacha idir ceannaitheoirí agus comhaltaí de na heagraíochtaí táirgeoirí sin. Cé go bhféadfaidh ceannaitheoirí dul i dteagmháil le comhaltaí eagraíochtaí táirgeoirí, níor cheart go mbainfeadh na teagmhálacha sin an bonn ó chuspóirí na n-eagraíochtaí táirgeoirí, ná ó chomhchruinniú an tsoláthair agus ó chur táirgí ar an margadh. ***Ag an am céanna, moltar, seachas uirlisí digiteacha caighdeánaithe, gur cheart go mbeadh sé de bhuntáiste ag feirmeoirí freisin formáidí caighdeánacha conartha atá éasca a chomhlánú agus atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar féidir iad a sheoladh trí ríomhphost, chun an rómhaorlathas a laghdú. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit cúrsaí oiliúna ar líne atá inrochtana go héasca agus treoracha maidir le conarthaí a dhréachtú agus a chlárú a sholáthar.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(13a)Tá brú méadaitheach á chur ag comhlachtaí lárnacha*** |

| | |
|---|---|
| | ***ceannaigh atá ag feidhmiú ar an leibhéal trasnáisiúnta ar phraghsanna talmhaíochta, rud a bhaineann leas as éagothromaíochtaí rialála agus sóisialta idir na Ballstáit. Ba cheart na comhlachtaí sin a rialáil mar ábhar práinne chun táirgeoirí talmhaíochta a chosaint ar chleachtais chonarthacha mhí-úsáideacha, ar bhreisluach a ghabháil agus ar iomaíocht éagórach mar thoradh ar reachtaíocht shóisialta agus chomhshaoil an Aontais.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Rinne Ballstáit áirithe cinneadh go gcumhdófar gach seachadadh táirgí talmhaíochta ar a gcríoch le conarthaí i scríbhinn idir na páirtithe. I gcás nach mbaineann na Ballstáit úsáid as an bhféidearthacht sin, féadfaidh feirmeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí úsáid conarthaí i scríbhinn a iarraidh. Mar sin féin, mar gheall ar an seasamh margála níos laige atá ag feirmeoirí agus an eagla atá ar cheannaitheoirí roimh fhrithbheart tráchtála, d'fhéadfadh sé a bheith deacair d'fheirmeoirí agus dá gcomhlachais an iarraidh sin a dhéanamh. Chun muinín, trédhearcacht agus éifeachtúlacht a mhéadú laistigh den slabhra soláthair agus chun a chur ar | (15) Rinne Ballstáit áirithe cinneadh go gcumhdófar gach seachadadh táirgí talmhaíochta ar a gcríoch le conarthaí i scríbhinn idir na páirtithe. I gcás nach mbaineann na Ballstáit úsáid as an bhféidearthacht sin, féadfaidh feirmeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí úsáid conarthaí i scríbhinn a iarraidh. Mar sin féin, mar gheall ar an seasamh margála níos laige atá ag feirmeoirí agus an eagla atá ar cheannaitheoirí roimh fhrithbheart tráchtála, d'fhéadfadh sé a bheith deacair d'fheirmeoirí agus dá gcomhlachais an iarraidh sin a dhéanamh. Chun muinín, trédhearcacht agus éifeachtúlacht a mhéadú laistigh den slabhra soláthair agus chun a chur ar |

chumas gach feirmeora, gach eagraíochta táirgeoirí agus gach comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí tairbhe a bhaint as úsáid conarthaí i scríbhinn, ba cheart seachadtaí táirgí talmhaíochta san Aontas ag feirmeoir, ag eagraíocht táirgeoirí nó ag comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí chuig próiseálaí, dáileoir nó miondíoltóir a chumhdach le conradh i scríbhinn.

chumas gach feirmeora, gach eagraíochta táirgeoirí agus gach comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí tairbhe a bhaint as úsáid conarthaí i scríbhinn, ba cheart seachadtaí táirgí talmhaíochta san Aontas ag feirmeoir, ag eagraíocht táirgeoirí nó ag comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí chuig próiseálaí, dáileoir nó miondíoltóir a chumhdach le conradh i scríbhinn. ***Ba cheart do na Ballstáit, arna iarraidh sin d'eagraíocht idirchraoibhe nó d'eagraíocht a mheastar a bheith ionadaíoch den chuid is mó ar earnáil talmhaíochta, a bheith in ann a chinneadh an ndíolmhófar earnálacha sonracha áirithe ón gceanglas maidir le conradh i scríbhinn.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Chun comharthaí an mhargaidh a chur i gcuntas ar bhealach níos fearr agus chun tarchur praghsanna a fheabhsú, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a cheangal ar tháirgeoirí nach feirmeoirí iad, ar eagraíochtaí táirgeoirí nó ar chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí conarthaí i scríbhinn a úsáid chun táirgí talmhaíochta a sheachadadh, agus a cheangal ar cheannaitheoirí úsáid a bhaint as tairiscintí i scríbhinn ar chonarthaí maidir le táirgí talmhaíochta a sheachadadh. Ar mhaithe le simplíocht agus laghdú | (16) Chun comharthaí an mhargaidh a chur i gcuntas ar bhealach níos fearr agus chun tarchur praghsanna a fheabhsú, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a cheangal ar tháirgeoirí nach feirmeoirí iad, ar eagraíochtaí táirgeoirí nó ar chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí conarthaí i scríbhinn a úsáid chun táirgí talmhaíochta a sheachadadh, agus a cheangal ar ***tháirgeoirí*** úsáid a bhaint as tairiscintí i scríbhinn ar chonarthaí maidir le táirgí talmhaíochta a sheachadadh. Ar mhaithe le simplíocht agus laghdú |

ar chostais idirbheart, ba cheart eisceachtaí áirithe a leagan síos sa Rialachán seo ón úsáid is gá a bhaint as conarthaí i scríbhinn nó as tairiscintí i scríbhinn le haghaidh conarthaí agus ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit seachadtaí áirithe a dhíolmhú ón úsáid is gá a bhaint as conarthaí i scríbhinn nó as tairiscintí i scríbhinn, agus an deis a thabhairt d'fheirmeoirí agus dá gcomhlachais úsáid conarthaí i scríbhinn nó tairiscintí i scríbhinn a iarraidh i gcás nach bhfuil aon oibleagáid mar sin ann.

ar chostais idirbheart, ba cheart eisceachtaí áirithe a leagan síos sa Rialachán seo ón úsáid is gá a bhaint as conarthaí i scríbhinn nó as tairiscintí i scríbhinn le haghaidh conarthaí agus ba cheart cead a thabhairt do na Ballstáit seachadtaí áirithe a dhíolmhú ón úsáid is gá a bhaint as conarthaí i scríbhinn nó as tairiscintí i scríbhinn, agus an deis a thabhairt d'fheirmeoirí agus dá gcomhlachais úsáid conarthaí i scríbhinn nó tairiscintí i scríbhinn a iarraidh i gcás nach bhfuil aon oibleagáid mar sin ann. ***Ba cheart an tsolúbthacht sin a chur i bhfeidhm gan cosaint feirmeoirí a chur i mbaol, agus ba cheart na heisceachtaí a shainiú go soiléir chun léirmhínithe mí-úsáideacha agus teacht timpeall ar oibleagáidí conarthacha a chosc.***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Ba cheart an úsáid is gá a bhaint as conarthaí i scríbhinn maidir le táirgí talmhaíochta a sheachadadh agus na bunchoinníollacha lena n-úsáid a leagan síos ar leibhéal an Aontais, agus a áirithiú an tráth céanna nach gcuirfear srian ar cheart na bpáirtithe gnéithe uile a gconarthaí a chaibidliú thar a bhfuil fíor-riachtanach. | (17) Ba cheart an úsáid is gá a bhaint as conarthaí i scríbhinn maidir le táirgí talmhaíochta a sheachadadh agus na bunchoinníollacha lena n-úsáid a leagan síos ar leibhéal an Aontais, agus a áirithiú an tráth céanna nach gcuirfear srian ar cheart na bpáirtithe gnéithe uile a gconarthaí a chaibidliú thar a bhfuil fíor-riachtanach. ***Mar sin féin, níor cheart cosc a chur ar na Ballstáit bearta níos déine a dhéanamh chun cleachtais*** |

***éagóracha trádála a chomhrac laistigh de shlabhra an tsoláthair talmhaíochta agus bia, ar choinníoll go bhfuil na bearta sin iomchuí agus comhréireach lena gcuspóirí, agus go bhfuil siad comhoiriúnach le Treoir (AE) 2019/633. Tá simpliú an phróisis chonarthaigh, go háirithe trí theimpléid agus formáidí caighdeánaithe agus digitithe is féidir a sheoladh trí ríomhphost, rítháibhachtach chun cur i bhfeidhm éifeachtach agus cothrom na rialacha sin a áirithiú, go háirithe i gcás táirgeoirí beaga, agus ba cheart solúbthacht leordhóthanach a áirithiú chun éagsúlacht na hearnála feirmeoireachta a chur san áireamh i gceart.***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Chun páirtithe a spreagadh chun teacht ar réiteach cairdiúil i gcás díospóidí maidir le tabhairt i gcrích conartha i scríbhinn nó athbhreithniú ar chonradh i scríbhinn, ba cheart do na Ballstáit sásraí idirghabhála a bhunú. Ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na sásraí idirghabhála atá i bhfeidhm ina gcríoch ***nó faoi bhunú na sásraí sin,*** agus féadfaidh an Coimisiún malartuithe dea-chleachtas faoi na sásraí sin a éascú. | (18) Chun páirtithe a spreagadh chun teacht ar réiteach cairdiúil i gcás díospóidí maidir le tabhairt i gcrích conartha i scríbhinn nó athbhreithniú ar chonradh i scríbhinn, ba cheart do na Ballstáit sásraí idirghabhála a bhunú. ***Ba cheart do na sásraí idirghabhála sin leanúint de bheith go hiomlán deonach do na páirtithe uile. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, nuair nach ann d'aon chomhaontú maidir le conradh a chur ar bhonn foirmiúil, a léirmhíniú*** |

***nó a chomhlíonadh, go mbeidh na páirtithe in ann idirghabháil a iarraidh.*** Ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoin ***gcreat dlíthiúil idirghabhála nó faoi na sásraí dlíthiúla*** idirghabhála atá i bhfeidhm ina gcríoch, agus féadfaidh an Coimisiún malartuithe dea-chleachtas a éascú faoi na ***creataí nó na sásraí dlíthiúla*** sin.

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Chun feidhmiú sásraí um tharchur praghsanna a éascú, i gcás ina ríomhtar an praghas deiridh is iníoctha as seachadadh táirgí talmhaíochta trí fhachtóirí éagsúla a leagtar amach sa chonradh a chur le chéile, ba cheart a áireamh ar na fachtóirí sin táscairí oibiachtúla, innéacsanna nó modhanna ríofa is furasta do na páirtithe a thuiscint. Ionas nach gcuirfear iallach ar fheirmeoirí díol go córasach faoi bhun a gcostas táirgthe, ba cheart athruithe ar dhálaí an mhargaidh agus ar chostais táirgthe na dtáirgí talmhaíochta a sheachadtar a léiriú sna táscairí, sna hinnéacsanna agus sna modhanna chun an praghas deiridh a ríomh. | (19) Chun feidhmiú sásraí um tharchur praghsanna a éascú, i gcás ina ríomhtar an praghas deiridh is iníoctha as seachadadh táirgí talmhaíochta trí fhachtóirí éagsúla a leagtar amach sa chonradh a chur le chéile, ba cheart a áireamh ar na fachtóirí sin táscairí oibiachtúla, innéacsanna nó modhanna ríofa is furasta do na páirtithe a thuiscint. Ionas nach gcuirfear iallach ar fheirmeoirí díol go córasach faoi bhun a gcostas táirgthe, ba cheart athruithe ar dhálaí an mhargaidh agus ar chostais táirgthe na dtáirgí talmhaíochta a sheachadtar a léiriú sna táscairí, sna hinnéacsanna agus sna modhanna chun an praghas deiridh a ríomh. ***Ba cheart go gcumhdófaí sa phraghas deiridh na costais táirgthe iomlána, lena n-áirítear luach saothair cóir táirgeoirí agus costais iomlána le haghaidh*** |

***seirbhísí breise. D'fhéadfaí Faireachlann an Aontais um an Slabhra Agraibhia (AFCO) a úsáid chun faisnéis a chur ar fáil maidir le praghsanna sa slabhra agraibhia, struchtúir chostais, chomh maith le dáileadh corrlach agus breisluacha, agus cloí le rialacha rúndachta agus iomaíochta ag an am céanna. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag margaí mórdhíola maidir le sásraí praghsanna a thógáil. Is struchtúir chreidiúnaithe iad lenar féidir trédhearcacht praghsanna a áirithiú agus rannchuidiú le dáileadh níos cothroime feadh an tslabhra luacha.***

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) I bhfianaise staid leochaileach caibidlíochta na bhfeirmeoirí agus a n-eagraíocht, cásanna le déanaí ina raibh luaineacht mhór i gcostais ionchuir talmhaíochta agus i bpraghsanna margaidh, agus an ghá le tarchur praghsanna níos éifeachtúla laistigh den slabhra soláthair, ba cheart clásal um athbhreithniú a áireamh i gconarthaí ag a bhfuil fad is faide ná 6 mhí a d'fhéadfadh na feirmeoirí agus a n-eagraíochtaí a spreagadh. Leis an gclásal sin, ba cheart go gceadófaí d'fheirmeoirí athbhreithniú ar ghnéithe an chonartha a iarraidh tar éis na 6 mhí tráth ar bith agus go | (20) I bhfianaise staid leochaileach caibidlíochta na bhfeirmeoirí agus a n-eagraíocht, cásanna le déanaí ina raibh luaineacht mhór i gcostais ionchuir talmhaíochta agus i bpraghsanna margaidh, agus an ghá le tarchur praghsanna níos éifeachtúla laistigh den slabhra soláthair, ba cheart clásal athbhreithnithe a áireamh ***i gconarthaí a mhaireann níos mó ná 6 mhí agus 12 mhí le haghaidh earnálacha a thrádálann i margaí amach anseo,*** clásal a d'fhéadfadh na feirmeoirí agus a n-eagraíochtaí a spreagadh. Leis an gclásal sin, ba cheart go gceadófaí d'fheirmeoirí |

gceadófaí dóibh deireadh a chur leis an gconradh i gcás nach dtiocfar ar chomhaontú maidir le hathbhreithniú, gan cur isteach ar cheart na bpáirtithe féidearthachtaí eile a chaibidliú maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gconradh.

athbhreithniú ar ghnéithe an chonartha a iarraidh tar éis na 6 mhí tráth ar bith agus go gceadófaí dóibh deireadh a chur leis an gconradh i gcás nach dtiocfar ar chomhaontú maidir le hathbhreithniú, gan cur isteach ar cheart na bpáirtithe féidearthachtaí eile a chaibidliú maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gconradh. ***Ba cheart go bhféadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar na conarthaí sin i bhfianaise imthosca gan choinne, amhail teagmhais adhaimsire, ráigeanna de ghalair ainmhithe, teannas geopholaitiúil, nó aon chúis eile a chuireann cosc ar an bpraghas comhaontaithe costais na bhfeirmeoirí a chumhdach, rud a rannchuideodh le cosaint níos fearr a thabhairt d'fheirmeoirí ar luaineacht sa mhargadh agus lena n-oiriúnú níos fearr do réaltachtaí eacnamaíocha.***

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Chun trédhearcacht chonarthach a fheabhsú agus chun rannchuidiú le cleachtais trádála níos cothroime, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a cheangal go gclárófaí conarthaí i scríbhinn maidir le táirgí talmhaíochta a sheachadadh. | (21) Chun trédhearcacht chonarthach a fheabhsú agus chun rannchuidiú le cleachtais trádála níos cothroime, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a cheangal,***i gcás ina bhfuil údar cuí leis,*** go gclárófaí conarthaí i scríbhinn chun táirgí talmhaíochta a sheachadadh. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (22) Maidir le tionscnaimh áirithe chomhair ingearacha agus chothrománacha a bhaineann le táirgí talmhaíochta agus bia, arb é is aidhm dóibh ceanglais ***atá*** níos déine ná na ceanglais éigeantacha a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh éifeachtaí dearfacha a bheith acu ar chuspóir an chomhbheartais talmhaíochta chun caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don phobal talmhaíochta agus ar chuspóir fhorbairt inbhuanaithe an Aontais. Dá bhrí sin, faoi imthosca sonracha, níor cheart na tionscnaimh sin a bheith faoi réir chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. | (22) Maidir le tionscnaimh áirithe um chomhar ingearach agus cothrománach a bhaineann le táirgí talmhaíochta agus bia, arb é is aidhm dóibh ceanglais ***a churi bhfeidhm a d'fhéadfadh a bheith níos déine, i dtéarmaí eiticiúla agus sóisialta,*** ná na ceanglais shainordaitheacha, is féidir éifeachtaí dearfacha a bheith acu ar chuspóir an chomhbheartais talmhaíochta caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don phobal talmhaíochta agus ar an gcuspóir maidir le forbairt ***shocheacnamaíoch agus*** inbhuanaithe ***limistéar tuaithe san*** Aontas. Dá bhrí sin, faoi imthosca sonracha, níor cheart na tionscnaimh sin a bheith faoi réir chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (23) I dtréimhsí míchothromaíochta tromchúisí sa mhargadh, d'fhéadfadh catagóirí sonracha de ghníomhaíochtaí comhchoiteanna ó oibreoirí príobháideacha rannchuidiú leis na hearnálacha lena mbaineann a chobhsú. D'fhonn a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag | (23) I dtréimhsí míchothromaíochta tromchúisí sa mhargadh, d'fhéadfadh catagóirí sonracha de ghníomhaíochtaí comhchoiteanna ó oibreoirí príobháideacha rannchuidiú leis na hearnálacha lena mbaineann a chobhsú. D'fhonn a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ag |

oibreoirí príobháideacha chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann acmhainní an Aontais ón gcúlchiste talmhaíochta a chur ar fáil chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann acmhainní náisiúnta breise a leithdháileadh freisin.

oibreoirí príobháideacha chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann acmhainní an Aontais ón gcúlchiste talmhaíochta a chur ar fáil chun tacú leis na gníomhaíochtaí sin, ***agus indéantacht á háirithiú agus tionchar diúltach ar íocaíochtaí díreacha á sheachaint ag an am céanna.*** Ina leith sin, ba cheart don Choimisiún foinsí cistiúcháin eile de chuid an Aontais a chur ar fáil freisin, más gá. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann acmhainní náisiúnta breise a leithdháileadh freisin.

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) Chun seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú, ba cheart roinnt forálacha de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a leasú a mhéid a bhaineann leis na cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe. Is é is aidhm do na leasuithe sin tacú le feirmeoirí a bheith ina gcomhaltaí nó leanúint de bheith ina gcomhaltaí d'eagraíochtaí táirgeoirí nó de chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, i bhfianaise an róil dhearfaigh atá ag na heagraíochtaí agus na comhlachais sin maidir le | (26) Chun seasamh na bhfeirmeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú, ba cheart roinnt forálacha de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a leasú a mhéid a bhaineann leis na cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe. Is é is aidhm do na leasuithe sin tacú le feirmeoirí a bheith ina gcomhaltaí nó leanúint de bheith ina gcomhaltaí d'eagraíochtaí táirgeoirí nó de chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, i bhfianaise an róil dhearfaigh atá ag na heagraíochtaí agus na comhlachais sin maidir le |

cumhacht mhargála na dtáirgeoirí a neartú. Thairis sin, chun tacaíocht níos éifeachtúla agus níos spriocdhírithe a áirithiú d'eagraíochtaí táirgeoirí trí Phleananna Straitéiseacha CBT, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht méadú a dhéanamh ar chúnamh airgeadais an Aontais do chláir oibríochtúla in earnálacha áirithe.

cumhacht mhargála na dtáirgeoirí a neartú. Thairis sin, chun tacaíocht níos éifeachtúla agus níos spriocdhírithe a áirithiú d'eagraíochtaí táirgeoirí trí Phleananna Straitéiseacha CBT, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht méadú a dhéanamh ar chúnamh airgeadais an Aontais do chláir oibríochtúla in earnálacha áirithe, ***agus indéantacht á háirithiú agus tionchar diúltach ar íocaíochtaí díreacha á sheachaint ag an am céanna.***

---

[8] Rialachán(AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

[8] Rialachán(AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26a)Chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht táirgeoirí a fheabhsú, ba cheart*** |

| | |
|---|---|
| | ***cómhaoiniú an chiste oibríochtúil a dhíriú go príomha ar infheistíochtaí atá nasctha go díreach le táirgeadh talmhaíochta, ar ghníomhaíochtaí comhchoiteanna a théann chun tairbhe do chomhaltaí uile na n-eagraíochtaí táirgeoirí agus ar an digitiú. Ba cheart an t-ualach riaracháin agus maorlathach ar eagraíochtaí táirgeoirí i gcur chun feidhme na gclár oibríochtúil a laghdú go suntasach, chun rannpháirtíocht na dtairbhithe a spreagadh.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Chun tacú le bunú cineálacha idirghabhála sna hearnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart a cheadú do na Ballstáit, ó 2025 ar aghaidh, tuilleadh solúbthachta a bheith acu chun leithdháileadh na gcistí ar na hearnálacha sin a choigeartú trí suas le 6 % dá leithdháiltí a úsáid le haghaidh íocaíocht dhíreach. | (30) Chun tacú le bunú cineálacha idirghabhála sna hearnálacha eile dá dtagraítear in Airteagal 42, pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart a cheadú do na Ballstáit, ó 2025 ar aghaidh, tuilleadh solúbthachta a bheith acu chun leithdháileadh na gcistí ar na hearnálacha sin a choigeartú trí suas le 6 % dá leithdháiltí a úsáid le haghaidh íocaíocht dhíreach, ***agus indéantacht á háirithiú agus tionchar diúltach ar íocaíochtaí díreacha á sheachaint ag an am céanna.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) D'fhonn a áirithiú gur féidir acmhainní de chuid an Aontais ón gcúlchiste talmhaíochta a chur ar fáil do na Ballstáit chun tacú le gníomhaíochtaí comhchoiteanna ó oibreoirí príobháideacha i dtréimhsí ina bhfuil míchothromaíocht thromchúiseach sa mhargadh, ba cheart an fhéidearthacht úsáid a bhaint as an gcúlchiste talmhaíochta a leathnú chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí comhchoiteanna nuair a chinneann an Coimisiún nach bhfuil feidhm ag rialacha iomaíochta maidir leis na gníomhaíochtaí sin. | (32) D'fhonn a áirithiú gur féidir acmhainní an Aontais ón gcúlchiste talmhaíochta a chur ar fáil do na Ballstáit ar ***bhealach cothrom agus trédhearcach*** chun tacú le gníomhaíochtaí comhchoiteanna arna ndéanamh ag oibreoirí príobháideacha i dtréimhsí ina bhfuil míchothromaíochtaí tromchúiseacha sa mhargadh, ba cheart an fhéidearthacht an cúlchiste talmhaíochta a úsáid a leathnú chun tacú le gníomhaíochtaí comhchoiteanna nuair a chinneann an Coimisiún nach bhfuil feidhm ag rialacha iomaíochta maidir leis na gníomhaíochtaí sin ***agus indéantacht á háirithiú agus tionchar diúltach ar íocaíochtaí díreacha á sheachaint ag an am céanna.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 1 – mír 2 – pointe l a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1) In Airteagal 1(2), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:*** |
| | ***(la) fínéagar, Cuid XIIa;*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 7 – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(-1a) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*** |
| 2. ***Coimeádfaidh an Coimisiún*** na tairseacha tagartha ***dá bhforáiltear i mír 1 faoi athbhreithniú, agus cuirfidh sé na critéir oibiachtúla san áireamh, go háirithe forbairtí i dtáirgeadh, i gcostais táirgeachta (go háirithe ionchuir) agus i dtreochtaí an mhargaidh. I gcás inar gá, déanfar na tairseacha tagartha sin a nuashonrú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachta i bhfianaise na bhforbairtí i dtáirgeadh agus sna margaí.*** | ‘2. Beidh na tairseacha tagartha ***faoi réir athbhreithniú rialta*** i gcomhréir le ***séasúracht táirgí, ar thogra ó Fhaireachlann an Aontais um an Slabhra Agraibhia (AFCO), i bhfianaise forbairtí eacnamaíocha agus fíorchostas táirgthe***. ***Áiritheoidh an Coimisiún go bhforbrófar modheolaíocht chun athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na tairseacha sin, bunaithe ar tháscairí oibiachtúla amhail boilsciú, costais táirgthe agus athruithe ar mhargaí talmhaíochta. Áireofar sna costais táirgthe costais na mbeart a rannchuidíonn le cur chun feidhme nó le sárú na gcaighdeán inbhuanaitheachta a cheanglaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 210a(3).*** Leis an modheolaíocht sin, beifear in ann na tairseacha a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun na réaltachtaí eacnamaíocha atá ann faoi láthair a léiriú agus chun leanúint de bheith ina huirlis éifeachtach chun na margaí a chobhsú.’ |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 b (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 11 – mír 1 – pointí e a, e b, e c, e d (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1b) in Airteagal 11, cuirtear na pointí seo a leanas leis:*** |
| | ***"(ea) siúcra bán;*** |
| | ***(eb) caoireoil a thagann faoi réim chóid AC 0104 10 30 nó 0204;*** |
| | ***(ec) muiceoil, úr, fuaraithe nó reoite, a thagann faoi réim chód AC 0203;*** |
| | ***(ed) sicín, bíodh sé úr, fuaraithe nó reoite, a thagann faoi réim chód AC 0207.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 c (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 15 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1c) in Airteagal 15, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*** |
| | ***'2a. Agus leibhéal phraghas na hidirghabhála poiblí á shocrú do na táirgí éagsúla a liostaítear in Airteagal 11, úsáidfidh an Chomhairle critéir oibiachtúla thrédhearcacha, amhail boilsciú, i gcomhréir leis an gcuspóir caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don phobal talmhaíochta, i gcomhréir le hAirteagal 39 CFAE.'*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 d (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 75

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1d) Déantar Airteagal 75 a leasú ar an gcaoi seo a leanas:*** |
| | ***(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*** |
| | ***"1. Féadfaidh feidhm a bheith ag caighdeáin mhargaíochta maidir le ceann amháin nó níos mó de na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 1.";*** |
| | ***(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):*** |
| | ***"(j) an áit ina ndéantar an fheirmeoireacht agus/nó an áit tionscnaimh;";*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 88a – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní fhéadfar na téarmaí 'cothrom' nó 'cothromasach' nó téarmaí atá coibhéiseach leis na téarmaí sin a úsáid ach amháin, leo féin nó in éineacht le téarmaí eile, ar an lipéadú, sa chur i láthair, ar ábhar fógraíochta nó ar dhoiciméid tráchtála táirge de chuid na n-earnálacha a liostaítear in Airteagal 1(2) agus a chuirtear ar an margadh, ar choinníoll go n-úsáidtear na téarmaí sin chun ceannaitheoirí a | 1. Ní fhéadfar na téarmaí 'cothrom', 'cothromasach' nó téarmaí atá coibhéiseach leis na téarmaí sin a úsáid ach amháin, ina n-aonar nó in éineacht le téarmaí eile, ar an lipéadú, sa chur i láthair, ar ábhar fógraíochta nó ar dhoiciméid tráchtála a bhaineann ***le táirge de chuid na n-earnálacha a liostaítear in Airteagal 1(2) a chuirtear ar an margadh, le toiliú roimh ré ó na feirmeoirí*** |

chur ar an eolas faoi mhódúlachtaí atá ann cheana maidir le heagrú an táirgthe, an dáilte nó an chur ar an margadh, a rannchuidíonn ar a laghad leis an méid seo a leanas:

***nó óna n-eagraíochtaí ionadaíocha, ar choinníoll go n-úsáidtear*** na téarmaí sin chun ceannaitheoirí a chur ar an eolas faoi na módúlachtaí atá ann cheana maidir le táirgeadh, dáileadh nó cur ar an margadh a eagrú, ar módúlachtaí iad a rannchuidíonn leis an méid seo a leanas ar a laghad:

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 88a – mír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cobhsaíocht agus trédhearcacht i gcaidreamh feirmeoirí le ceannaitheoirí feadh an tslabhra soláthair, | (a) cobhsaíocht, ***lena n-áirítear trí chonarthaí idir táirgeoirí agus ceannaitheoirí chun teorainn a chur le tionchar neamhchinnteachtaí eacnamaíocha, inrianaitheachta*** agus trédhearcachta i gcaidreamh feirmeoirí le ceannaitheoirí feadh an tslabhra soláthair;<br>***(aa) forbairt comheagraíochtaí feirmeoirí a bhainistítear go daonlathach a chur chun cinn;***<br>***(ab) méid breise a íoc leis an táirgeoir, go háirithe chun tionscadail chomhpháirteacha a chistiú;*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 88a – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) praghas a mheasann feirmeoirí rannpháirteacha a bheith cothromasach as a dtáirgí**,** agus | (b) praghas a mheasann feirmeoirí rannpháirteacha a bheith cothrom ***agus cúititheach*** as a dtáirgí agus ***a oibríonn freisin ar bhonn na dtásc arna soláthar ag Faireachlann an Aontais um Shlabhra Soláthair Agraibhia (AFCO);*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 88a – mír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tionscnaimh chomhchoiteanna lena saothraítear ceann amháin nó níos mó de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. | (c) tionscnaimh chomhchoiteanna ***agus shocheacnamaíocha*** lena saothraítear ceann amháin nó níos mó de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe ***lena rannchuidítear le pobail tuaithe a fhorbairt.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 88a – mír 2 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní fhéadfar an téarma ‘slabhra soláthair gairid’ a úsáid ach amháin, leis féin nó in éineacht le téarmaí eile, ar an lipéadú, sa chur i láthair, ar ábhar | 2. Ní fhéadfar an téarma ‘slabhra soláthair gairid’ a úsáid ach amháin, ina aonar nó in éineacht le téarmaí eile, ar an lipéadú, sa chur i láthair, ar ábhar |

| | |
|---|---|
| fógraíochta nó ar dhoiciméid tráchtála táirge de chuid na n-earnálacha a liostaítear in Airteagal 1(2) ***agus a chuirtear ar an margadh,*** ar choinníoll go n-úsáidtear an téarma chun ceannaitheoirí a chur ar an eolas faoi mhódúlachtaí atá ann cheana maidir le heagrú an táirgthe, an dáilte nó an chur ar an margadh, lena ndéantar foráil maidir leis an méid seo a leanas: | fógraíochta nó ar dhoiciméid tráchtála a bhaineann le táirge de chuid na n-earnálacha***a liostaítear in Airteagal 1(2), a tháirgtear sa mhargadh aonair agus a chuirtear ar an margadh aonair, le toiliú roimh ré ó na feirmeoirí nó óna n-eagraíochtaí ionadaíocha, ar*** choinníoll go n-úsáidtear an téarma chun ceannaitheoirí a chur ar an eolas faoi na módúlachtaí atá ann cheana maidir le táirgeadh, dáileadh nó cur ar an margadh a eagrú, lena bhforáiltear do ***cheann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 88a – mír 2 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) nasc díreach idir an feirmeoir agus tomhaltóir deiridh an táirge, nó | (a) nasc díreach ***nó líon teoranta idirghabhálaithe*** idir an feirmeoir***, an comharchumann nó an eagraíocht táirgeoirí*** agus tomhaltóir deiridh an táirge, nó |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 88a – mír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) dlúthnasc agus gaireacht | (b) dlúthnasc**,** agus gaireacht |

| | |
|---|---|
| gheografach idir an feirmeoir agus tomhaltóir deiridh an táirge. | gheografach***, a thuigtear mar achar gearr nó am gearr taistil, lena n-áirítear comhthéacsanna trasteorann,*** idir an feirmeoir***, an comharchumann nó an eagraíocht táirgeoirí*** agus tomhaltóir deiridh an táirge. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 88a – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha ***cur chun feidhme*** a ghlacadh chun na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c), agus i mír 2, pointí (a) agus (b), ***a shonrú*** tuilleadh, agus aon chaighdeán idirnáisiúnta ábhartha á chur i gcuntas. | Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha ***tarmligthe*** a ghlacadh ***i gcomhréir le hAirteagal 227 chun*** an ***Rialachán seo a fhorlíonadh trí*** na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c), agus i mír 2, pointí (a) agus (b), ***a shonrú*** tuilleadh, agus aon chaighdeán idirnáisiúnta ábhartha ***agus aon scéimeanna gaolmhara deimhnithe cáilíochta*** á gcur i gcuntas. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 88a – mír 6 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a indéanta agus ar an mbreisluach a bhaineann le lipéad amhairc*** |

| | |
|---|---|
| | ***comhchuibhithe de chuid an Aontais a thabhairt isteach maidir le táirgí a bhaineann leis an slabhra soláthair gairid.*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| a) déanfar seachadadh bainne agus táirgí bainne ag ***táirgeoir seachas feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí ar phróiseálaí, ar bhailitheoir, ar dháileoir nó ar mhiondíoltóir*** a chumhdach le conradh i scríbhinn; | a) cumhdófar le conradh scríofa seachadadh bainne agus táirgí bainne ***ag táirgeoirí nach gcumhdaítear le mír 1;*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| b) déanfaidh céad-cheannaitheoirí bainne agus táirgí bainne tairiscint i scríbhinn ar chonradh maidir le bainne agus táirgí bainne a bheith á seachadadh ag an bhfeirmeoir, ag eagraíocht táirgeoirí nó ag comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí. | b) ***déanfaidh eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí nó feirmeoirí*** tairiscint i scríbhinn ar chonradh maidir le bainne agus táirgí bainne a sheachadadh ***chuig na chéad cheannaitheoirí.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunóidh na Ballstáit sásra idirghabhála chun cásanna a chumhdach nach bhfuil aon chomhaontú frithpháirteach ann chun conradh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a thabhairt i ***gcrích*** nó chun an conradh sin a athbhreithniú. | Bunóidh na Ballstáit sásra idirghabhála chun cásanna a chumhdach nach bhfuil aon chomhaontú frithpháirteach ann ***maidir le conradh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chur ar bhonn foirmiúil, a léirmhíniú nó a chomhlíonadh*** nó chun an conradh sin a athbhreithniú. ***Beidh an sásra sin deonach do na páirtithe conarthacha agus neamhchlaonta agus féadfar ionadaithe ó eagraíochtaí ionadaíocha feirmeoirí a áireamh ann.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na sásraí idirghabhála ***atá bunaithe*** ar a gcríoch. | Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin ***gcreat dlíthiúil le haghaidh na*** sásraí idirghabhála ***atá ar fáil*** ina gcríoch. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 4 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) déanfar i scríbhinn é, agus | (b) déanfar i scríbhinn é, ***cibé acu ar pháipéar nó i bhfoirm dhigiteach,*** agus |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 4 – pointe c – pointe i – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) an praghas is iníoctha ar an seachadadh, lena ndéanfar an méid seo a leanas: | (i) an praghas is iníoctha le haghaidh an tseachadta ***agus léiriú sainráite ar na híocaíochtaí uile, lena n-áirítear lascainí is infheidhme,*** lena ndéanfar an méid seo a leanas: |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 4 – pointe c – pointe i – fleasc 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – a ríomhfar trí fhachtóirí éagsúla a chur le chéile a leagtar amach sa chonradh, a mbeidh táscairí oibiachtúla, innéacsanna nó modhanna ríofa an phraghais deiridh ar áireamh iontu, atá inrochtana go héasca agus sothuigthe agus a léiríonn athruithe ar dhálaí an mhargaidh | – déanfar iad a ríomh trí fhachtóirí oibiachtúla, ***infhíoraithe agus neamh-inláimhsithe éagsúla a leagtar amach sa chonradh a chomhcheangal, lena n-áireofar*** táscairí oibiachtúla, innéacsanna nó modhanna ríofa an phraghais deiridh, atá |

***agus*** ar chostais táirgthe, an toirt arna seachadadh agus cáilíocht nó comhshuíomh an bhainne agus na dtáirgí bainne arna seachadadh. Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit táscairí a chinneadh, i gcomhréir le critéir oibiachtúla bunaithe ar staidéir arna ndéanamh ar tháirgeadh agus ar shlabhra an tsoláthair bia. Beidh saoirse ag na páirtithe sna conarthaí tagairt a dhéanamh do na táscairí sin nó d'aon táscairí eile;

inrochtana go héasca agus sothuigthe agus a léiríonn athruithe ar dhálaí an mhargaidh, ***boilsciú, costais iomlána*** táirgthe***, lena n-áirítear luach saothair feirmeoirí, costais iomlána le haghaidh seirbhísí breise***, na cainníochtaí arna seachadadh agus cáilíocht nó comhdhéanamh an bhainne agus na dtáirgí bainne arna seachadadh.

Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit ***nó na húdaráis réigiúnacha*** táscairí ***a chinneadh a fhoilseofar ar líne lena n-úsáid i gconarthaí*** i gcomhréir le critéir oibiachtúla bunaithe ar staidéir arna ndéanamh ar tháirgeadh agus ar shlabhra an tsoláthair bia***, nó trí úsáid a bhaint as sonraí arna gcur in iúl ag eagraíochtaí idirchraoibhe atá aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 157 nó sonraí ó Fhaireachlann an Aontais um an Slabhra Agraibhia***. Beidh saoirse ag na páirtithe sna conarthaí tagairt a dhéanamh do na táscairí sin nó d'aon táscairí eile;

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 4 – pointe c – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) fad an chonartha, a bhféadfadh fad cinnte nó fad éiginnte le clásail foircinn a bheith san áireamh leis. I gcás | (iii) fad an chonartha, a bhféadfadh fad cinnte nó fad éiginnte le clásail foircinn a bheith san áireamh leis. I gcás |

| | |
|---|---|
| conarthaí ar faide ná 6 mhí a bhfad íosta, beidh clásal um athbhreithniú iontu freisin a fhéadfaidh an feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a spreagadh; | conartha a mhaireann níos faide ná sé mhí ***ar a laghad agus*** áireofar sa chonradh clásal um athbhreithniú a fhéadfaidh an feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a spreagadh ***ar bhonn imthosca gan choinne, amhail teagmhais adhaimsire, ráigeanna de ghalair ainmhithe, teannas geopholaitiúil, nó aon chúis eile a chuireann cosc ar an bpraghas comhaontaithe costais na bhfeirmeoirí a chumhdach;*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 4 – pointe c – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) mionsonraí maidir le tréimhsí íocaíochta ***agus*** nósanna imeachta; | (iv) mionsonraí maidir le tréimhsí íocaíochta***,*** nósanna imeachta ***agus an pointe ama ina n-aistrítear an úinéireacht agus an riosca***; |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 5 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás ina ndéanann comhalta d’eagraíocht táirgeoirí nó comharchumann an bainne nó na táirgí bainne lena mbaineann a | (a) i gcás ina ndéanann comhalta d’eagraíocht táirgeoirí nó comharchumann an bainne nó na táirgí bainne lena mbaineann a |

| | |
|---|---|
| sheachadadh ar an eagraíocht táirgeoirí nó ar an gcomharchumann a bhfuil sé ina chomhalta di nó de, ar choinníoll go bhfuil, i reachtanna an chomharchumainn sin, nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a eascraíonn as na reachtanna sin, forálacha a bhfuil ***éifeachtaí*** acu atá comhchosúil leis na forálacha sin a leagtar amach i mír 4; | sheachadadh ar an eagraíocht táirgeoirí nó ar an gcomharchumann a bhfuil sé ina chomhalta di nó de, ar choinníoll go bhfuil, i reachtanna an chomharchumainn sin, nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a eascraíonn as na reachtanna sin, forálacha a bhfuil ***cuspóirí*** acu atá comhchosúil leis na cuspóirí atá leagtha amach i mír 4; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 5 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) más micrifhiontar nó fiontar beag de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE é céad-cheannaitheoir na dtáirgí talmhaíochta lena mbaineann[10];*** | ***scriosta*** |

***[10] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36, http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj).***

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 5 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) i gcás ina ndéantar an seachadadh agus an íocaíocht as an mbainne nó as na táirgí bainne an tráth céanna;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 6 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) baineann an seachadadh le táirgí a bhfuil a luach cothrom le tairseach, nó faoi bhun na tairsí sin, atá le cinneadh ag an mBallstát, ar tairseach í nach sáróidh EUR ***10 000;*** | (a) baineann an seachadadh le táirgí a bhfuil a luach cothrom le tairseach, nó faoi bhun na tairsí sin, atá le cinneadh ag an mBallstát, ar tairseach í nach sáróidh EUR ***4 000;*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 6 – pointe a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) is micrifhiontar nó fiontar beag é céad-cheannaitheoir an bhainne nó na dtáirgí bainne de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE;*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**

Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 6 – pointe a b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(ab) déantar an seachadadh agus an íocaíocht as an mbainne nó na táirgí bainne go comhuaineach nó laistigh de 5 lá oibre ar a dhéanaí;*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 7. Más rud é, de bhun mhír 5, ***pointí (b), (c) agus*** (d), nó mhír 6, nach bhfuil gá le conradh i scríbhinn ná le tairiscint i scríbhinn ar chonradh, féadfaidh feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí, nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a cheangal go mbeidh seachadadh bainne nó táirgí bainne faoi réir conradh i scríbhinn nó tairiscint i scríbhinn ar chonradh. Comhlíonfaidh an conradh nó an tairiscint sin ar chonradh na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 agus i mír 8, an chéad fhomhír. | 7. Más rud é, de bhun mhír 5, ***pointe*** (b), nó mhír 6, nach bhfuil gá le conradh i scríbhinn ná le tairiscint i scríbhinn ar chonradh, féadfaidh feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí, nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a cheangal go mbeidh seachadadh bainne nó táirgí bainne faoi réir conradh i scríbhinn nó tairiscint i scríbhinn ar chonradh. Comhlíonfaidh an conradh nó an tairiscint sin ar chonradh na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 agus i mír 8, an chéad fhomhír. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 8 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I dtaca le gnéithe uile na gconarthaí maidir le seachadadh bainne nó táirgí bainne a chuirtear i gcrích idir feirmeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus bailitheoirí, próiseálaithe, dáileoirí nó miondíoltóirí, lena n-áirítear na gnéithe agus a gcomhpháirteanna dá dtagraítear i mír 4, pointe (c), déanfar iad a chaibidliú go neamhshrianta idir na páirtithe. | I dtaca le gnéithe uile na gconarthaí maidir le seachadadh bainne nó táirgí bainne a chuirtear i gcrích idir feirmeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí agus bailitheoirí, próiseálaithe, dáileoirí nó miondíoltóirí, lena n-áirítear na gnéithe agus a gcomhpháirteanna dá dtagraítear i mír 4, pointe (c), ***gan dochar do na ceanglais bhreise arna dtabhairt isteach ag na Ballstáit.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 148 – mír 10

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Déanfaidh na Ballstáit a úsáidfidh na roghanna dá dtagraítear i ***míreanna 2, 6, 8 agus 9*** fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcaoi ina gcuirtear i bhfeidhm iad. | 10. Déanfaidh na Ballstáit a úsáidfidh na roghanna dá dtagraítear san ***Airteagal seo*** fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcaoi ina gcuirtear i bhfeidhm iad. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 149 – mír 2 – pointe c – pointí i agus ii

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) In Airteagal 149(2), leasaítear pointe (c) mar seo a*** |

| | |
|---|---|
| | ***leanas:*** |
| | ***(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):*** |
| (i) nach mó ná ***4*** % de tháirgeadh iomlán an Aontais toirt an bhainne amh a chumhdófar leis an gcaibidlíocht sin, | “(i) nach mó ná ***10*** % de tháirgeadh iomlán an Aontais toirt an bhainne amh a chumhdófar leis an gcaibidlíocht sin,” |
| ***(ii) maidir le toirt an bhainne amh a chumhdófar leis an gcaibidlíocht sin a tháirgtear in aon Bhallstát ar leith, nach mó ná 33 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán an Bhallstáit sin í, agus*** | ***(b) scriostar pointe (ii);’*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a – pointe i**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 152 – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) atá comhdhéanta de tháirgeoirí ***in earnáil amháin nó i roinnt earnálacha a liostaítear in Airteagal 1(2) nó táirgeoirí táirgí orgánacha*** in earnáil amháin nó i roinnt earnálacha a liostaítear in Airteagal 1(2), agus atá á rialú ag comhaltaí ar feirmeoirí iad, i gcomhréir le hAirteagal 153(2), pointe (c); | (a) atá comhdhéanta de tháirgeoirí in earnáil amháin nó i roinnt earnálacha a liostaítear in Airteagal 1(2), agus atá á rialú ag comhaltaí feirmeoirí, ***nó, i gcás earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, ag táirgeoirí,*** i gcomhréir le hAirteagal 153(2), pointe (c); |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a – pointe ii**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 152 – mír 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (b) a bunaíodh ar thionscnamh feirmeoirí agus a dhéanann ceann amháin ar a laghad de na gníomhaíochtaí seo a leanas: | (b) a bunaíodh ar thionscnamh feirmeoirí, ***nó, i gcás earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, ar thionscnamh táirgeoirí, agus*** a dhéanann ceann amháin ar a laghad de na gníomhaíochtaí seo a leanas: |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 152 – mír 1a – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1a. De mhaolú ar Airteagal 101(1) CFAE, maidir le heagraíocht táirgeoirí a aithnítear faoi mhír 1 den Airteagal seo, nó eagraíocht táirgeoirí, lena n-áirítear comharchumann, nach bhfuil aitheanta mar eagraíocht táirgeoirí ag Ballstát ach a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo agus d'Airteagal 154, féadfaidh sí táirgeadh a phleanáil, barrfheabhas a chur ar na costais táirgthe, táirgí a chur ar an margadh agus conarthaí a chaibidil chun táirgí talmhaíochta a sholáthar, thar ceann a comhaltaí dá dtáirgeadh iomlán nó do chuid dá dtáirgeadh. | 1a. De mhaolú ar Airteagal 101(1) CFAE, féadfaidh eagraíocht táirgeoirí a aithnítear faoi mhír 1 den Airteagal seo, nó eagraíocht táirgeoirí, lena n-áirítear comharchumann***, nó aon fhoirm dhlíthiúil choibhéiseach eile a chláraítear i gcomhréir leis an dlí náisiúnta***, nach bhfuil aitheanta mar eagraíocht táirgeoirí ag Ballstát ach a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo agus d'Airteagal 154, féadfaidh sí táirgeadh a phleanáil, barrfheabhas a chur ar na costais táirgthe, táirgí a chur ar an margadh agus conarthaí a chaibidil chun táirgí talmhaíochta a sholáthar, thar ceann a comhaltaí dá dtáirgeadh iomlán nó do chuid dá dtáirgeadh.<br><br>***Eagraíocht táirgeoirí, lena n-áirítear comharchumann, nó aon fhoirm dhlíthiúil*** |

| | |
|---|---|
| | ***choibhéiseach eile atá cláraithe de réir an dlí náisiúnta agus a bhfuil iarratas ar aitheantas déanta aici ach nár aithin Ballstát í mar eagraíocht táirgeoirí, féadfaidh sí leas a bhaint as an maolú sin laistigh de chúig bliana ón dáta a cuireadh isteach an t-iarratas ar aitheantas.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 152 – mír 1a – fomhír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) i mír 1a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:*** |
| Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit maolú ar an gcoinníoll a leagtar amach i bpointe (d) den dara fomhír i gcásanna a bhfuil údar cuí leo más rud é go bhfuil dhá aonad táirgeachta shainiúla ag comhaltaí ar táirgeoirí iad agus go bhfuil na haonaid sin lonnaithe i limistéir gheografacha éagsúla; | ***'Féadfaidh*** na Ballstáit maolú ar an gcoinníoll a leagtar amach i bpointe (d) den dara fomhír, áfach, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo ina bhfuil dhá aonad táirgthe ar leith ag comhaltaí ar táirgeoirí iad atá lonnaithe i limistéir gheografacha éagsúla ***agus sna cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 153(1), pointe (b).'*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe c**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 152 – mír 1b – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 'De mhaolú ar mhír 1a agus ar an | De mhaolú ar mhír 1a agus ar an |

| | |
|---|---|
| gcéad fhomhír, féadfaidh comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 156(1) na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1a, an chéad fhomhír, a dhéanamh freisin, ar choinníoll: | gcéad fhomhír, féadfaidh comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear faoi Airteagal 156(1) na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1a, an chéad fhomhír, ***cé is moite d'earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, a dhéanamh freisin ach amháin má iarrann comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí amhlaidh go sainráite, ar*** choinníoll: |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe c**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 152 – mír 1b – fomhír 2 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) nach mó ná 33 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán aon Bhallstáit ar leith líon na dtáirgí a chumhdaítear leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1a. | (d) nach mó ná 33 % de tháirgeadh náisiúnta iomlán aon Bhallstáit ar leith líon na dtáirgí a chumhdaítear leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1a ***ná 5 % de tháirgeadh an Aontais ina iomláine.*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe -a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 153 – mír 1 – pointe b

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):*** |
| (b) gan bheith ina gcomhaltaí ach d’aon eagraíocht táirgeoirí amháin i dtaca le haon táirge | ‘(b) gan bheith ina gcomhaltaí ach d’aon eagraíocht táirgeoirí amháin i dtaca le haon táirge |

| | |
|---|---|
| áirithe den ghabháltas, mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit maolú ar an gcoinníoll sin i gcásanna ina bhfuil údar cuí leo más rud é go bhfuil dhá aonad táirgeachta shainiúla ag comhaltaí ar táirgeoirí iad agus go bhfuil na haonaid sin lonnaithe i limistéir ***gheografacha*** éagsúla; | áirithe den ghabháltas, mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit maolú ar an gcoinníoll sin i gcásanna ina bhfuil údar cuí leo más rud é go bhfuil dhá aonad táirgeachta shainiúla ag comhaltaí ar táirgeoirí iad agus go bhfuil na haonaid sin lonnaithe i limistéir ***gheografacha*** éagsúla; ***nó i gcás ina gcuireann comhaltaí ar táirgeoirí iad de chúram ar eagraíochtaí táirgeoirí éagsúla a dtáirgí a mhargú, seachas na táirgí a liostaítear i gCodanna IX agus X d'Iarscríbhinn I, ar táirgí iad atá beartaithe le haghaidh úsáidí éagsúla, agus i gcás nach bhfuil na heagraíochtaí sin in iomaíocht lena chéile dá bhrí sin***;' |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe -a a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 153 – mír 1 – pointe c a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-aa) i mír 1, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*** |
| | ***'(ca) staonfaidh sé ó aon teagmháil dhíreach le ceannaitheoirí i gcás inar dócha go gcuirfeadh na céimeanna aonair sin isteach ar na comhchuspóirí atá á saothrú ag an eagraíocht táirgeoirí, go háirithe maidir le pleanáil, caibidlíocht nó cur ar an margadh. Toirmiscfear aon chleachtas ag ceannaitheoir a bhfuil sé d'aidhm aige, nó a bhfuil sé d'éifeacht aige, dul timpeall ar eagraíocht táirgeoirí trí dhul i*** |

***dteagmháil go díreach le comhalta amháin nó níos mó dá chuid, i gcás ina bhfuil an ceannaitheoir i mbun caibidlíochta cheana féin nó i gconradh leis an eagraíocht táirgeoirí sin, agus measfar gur cleachtas tráchtála éagórach é.'***

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 153 – mír 2a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2a. Féadfar foráil a dhéanamh le reachtanna eagraíochta táirgeoirí maidir leis an bhféidearthacht do chomhaltaí a bheith i dteagmháil dhíreach le ceannaitheoirí, ar choinníoll nach ndéanfaidh an teagmháil dhíreach sin na cuspóirí atá á saothrú ag an eagraíocht táirgeoirí, nó comhchruinniú an tsoláthair agus cur ar an margadh na dtáirgí atá á dhéanamh ag an eagraíocht táirgeoirí a chur i gcontúirt. Measfar gur áirithíodh an comhchruinniú sin ar choinníoll go ndéanann an eagraíocht táirgeoirí gnéithe bunriachtanacha na ndíolachán amhail an praghas, an cháilíocht agus an méid a chaibidil agus a chinneadh. | 2a. ***Áiritheofar le*** reachtanna eagraíochta táirgeoirí ***go mbainfear amach an cuspóir maidir le comhchruinniú an tsoláthair, go háirithe trína áirithiú go ndéanfaidh an eagraíocht táirgeoirí gnéithe bunriachtanacha na ndíolachán amhail praghas, cáilíocht agus méid a chaibidliú agus a chinneadh.*** Féadfar a fhoráil leis na reachtanna go bhféadfaidh comhaltaí***,*** a bheith i dteagmháil dhíreach le ceannaitheoirí, ar choinníoll nach ndéanfaidh an teagmháil dhíreach sin dochar do na cuspóirí atá á saothrú ag an eagraíocht táirgeoirí, ná do chomhchruinniú an tsoláthair agus do chur na dtáirgí ar an margadh ag an eagraíocht táirgeoirí. Measfar gur áirithíodh comhchruinniú soláthair ***agus cur ar an margadh táirgí*** ar choinníoll go ndéanann an eagraíocht táirgeoirí gnéithe bunriachtanacha na ndíolachán |

| | |
|---|---|
| | amhail an praghas, an cháilíocht agus an méid a chaibidil agus a chinneadh. |
| | ***Féadfar go n-áireofar i reachtanna eagraíochta táirgeoirí a cheadaíonn teagmháil dhíreach idir comhaltaí agus ceannaitheoirí sásraí rialaithe inmheánaigh agus sásraí coiscthe chun a áirithiú nach ndéanfaidh an teagmháil sin dochar do chomhchruinniú an tsoláthair ná do straitéis tráchtála na heagraíochta***. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe c**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 153 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:*** | ***scriosta*** |
| ***'3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le heagraíochtaí táirgeoirí in earnáil an bhainne agus na dtáirgí bainne.';*** | |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an seachadadh táirgí talmhaíocha a dhéanann | (a) an seachadadh táirgí talmhaíochta a dhéanann |

| | |
|---|---|
| ***táirgeoir seachas feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí, chuig próiseálaí, dáileoir nó miondíoltóir,*** cumhdófar é le conradh i scríbhinn, | ***táirgeoirí nach gcumhdaítear le mír 1***, cumhdófar é le conradh i scríbhinn, |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***déanfaidh an chéad-cheannaitheoir táirge talmhaíochta*** tairiscint i scríbhinn ar chonradh maidir le táirgí talmhaíochta a sheachadadh, ar seachadadh é a dhéanfaidh ***feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí.*** | (b) ***déanfaidh eagraíochtaí táirgeoirí, comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí nó feirmeoirí*** tairiscint i scríbhinn ar chonradh chun táirgí talmhaíochta a sheachadadh ***chuig na chéad cheannaitheoirí.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunóidh na Ballstáit sásra idirghabhála chun cásanna a chumhdach nach bhfuil aon chomhaontú ann chun an conradh ***sin dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a thabhairt i gcrích*** nó ***chun conradh den sórt sin a athbhreithniú.*** | Bunóidh na Ballstáit sásra idirghabhála chun cásanna a chumhdach nach bhfuil aon chomhaontú ***frithpháirteach*** ann ***maidir le conradh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chur ar bhonn foirmiúil, a léirmhíniú nó a chomhlíonadh*** |

nó ***maidir leis an*** gconradh sin. ***Beidh an sásra sin deonach do na páirtithe conarthacha agus neamhchlaonta. Féadfaidh ionadaithe ó eagraíochtaí ionadaíocha feirmeoirí a bheith rannpháirteach sa sásra sin.***

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na sásraí idirghabhála atá ***bunaithe*** ar a gcríoch. | Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin ***gcreat dlíthiúil idirghabhála nó*** faoi na sásraí ***dlíthiúla idirghabhála atá ar fáil*** ar a gcríoch. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 4 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) déanfar i scríbhinn é, agus | (b) déanfar i scríbhinn é, ***cibé acu ar pháipéar nó i bhfoirm dhigiteach,*** agus |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 4 – pointe c – pointe i – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (i) an praghas is iníoctha ar an seachadadh, lena ndéanfar an méid seo a leanas: | (i) an praghas is iníoctha le haghaidh an tseachadta ***agus léiriú sainráite ar na híocaíochtaí uile, lena n-áirítear lascainí is infheidhme,*** lena ndéanfar an méid seo a leanas: |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 4 – pointe c – pointe i – fleasc 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| – a ríomhfar trí fhachtóirí éagsúla a chur le chéile a leagtar amach sa chonradh, a mbeidh táscairí oibiachtúla, innéacsanna nó modhanna ríofa an phraghais deiridh ar áireamh iontu, atá inrochtana go héasca agus sothuigthe agus a léiríonn athruithe ar dhálaí an mhargaidh ***agus*** ar chostais táirgthe, an toirt arna seachadadh agus cáilíocht nó comhshuíomh na dtáirgí talmhaíochta arna seachadadh; chuige sin, féadfaidh na Ballstáit táscairí a chinneadh, i gcomhréir le critéir oibiachtúla bunaithe ar staidéir arna ndéanamh ar tháirgeadh agus ar shlabhra an tsoláthair bia. Beidh sé de shaoirse ag na páirtithe sna conarthaí tagairt a dhéanamh do na táscairí sin nó d'aon táscairí eile a mheasann siad a bheith ábhartha. | – a ríomhfar trí fhachtóirí oibiachtúla, ***infhíoraithe agus neamh-inláimhsithe éagsúla a leagtar amach sa chonradh a chomhcheangal, lena n-áireofar*** táscairí oibiachtúla, innéacsanna nó modhanna ríofa an phraghais deiridh, atá inrochtana go héasca agus sothuigthe agus a léiríonn athruithe ar dhálaí an mhargaidh***, boilsciú, costais iomlána táirgthe, lena n-áirítear luach saothair feirmeoirí, na costais iomlána le haghaidh seirbhísí breise***, na cainníochtaí arna seachadadh agus cáilíocht nó comhdhéanamh na dtáirgí talmhaíochta arna seachadadh; chuige sin, féadfaidh na Ballstáit ***nó na húdaráis réigiúnacha*** táscairí ***a chinneadh, a fhoilseofar ar líne lena n-úsáid i gconradh***, i gcomhréir le critéir oibiachtúla bunaithe ar staidéir arna ndéanamh ar tháirgeadh |

| | |
|---|---|
| | agus ar shlabhra an tsoláthair bia***, ar shonraí arna soláthar ag na heagraíochtaí idirchraoibhe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 157(1), nó ar shonraí ó Fhaireachlann an Aontais um an Slabhra Agraibhia***. Beidh sé de shaoirse ag na páirtithe sna conarthaí tagairt a dhéanamh do na táscairí sin nó d'aon táscairí eile a mheasann siad a bheith ábhartha. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 4 – pointe c – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) fad an chonartha, a bhféadfaidh fad cinnte nó fad éiginnte le clásal foircinn a bheith san áireamh leis, I gcás conarthaí ar faide ná 6 mhí a bhfad íosta, beidh clásal um athbhreithniú iontu a fhéadfaidh, go háirithe, an feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a spreagadh; | (iii) fad an chonartha, a bhféadfaidh fad cinnte nó fad éiginnte le clásal foircinn a bheith san áireamh leis, I gcás conarthaí ar faide iad ná sé mhí ***agus 12 mhí ar a laghad le haghaidh earnálacha a dhéanann trádáil i margaí amach anseo,*** áireofar sa chonradh freisin clásal um athbhreithniú a fhéadfaidh an feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a ghníomhachtú, go háirithe, ***ar bhonn imthosca gan choinne, amhail teagmhais adhaimsire, ráigeanna de ghalair ainmhithe, teannas geopholaitiúil, nó aon chúis eile a chuireann cosc ar an bpraghas comhaontaithe costais na bhfeirmeoirí a chumhdach;*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 4 – pointe c – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) mionsonraí maidir le tréimhsí íocaíochta ***agus*** nósanna imeachta, | (iv) mionsonraí maidir le tréimhsí íocaíochta***,*** nósanna imeachta ***agus an pointe ama ina n-aistrítear an úinéireacht agus an riosca***, |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 5 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás ina ndéanann comhalta d'eagraíocht táirgeoirí nó comharchumann na táirgí talmhaíochta lena mbaineann a sheachadadh ar an eagraíocht táirgeoirí nó ar an gcomharchumann a bhfuil sé ina chomhalta di nó de, ar choinníoll go bhfuil, i reachtanna an chomharchumainn sin, nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a eascraíonn as na reachtanna sin, forálacha a bhfuil ***éifeachtaí*** acu atá comhchosúil leis na forálacha a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 4; | (a) i gcás ina ndéanann comhalta d'eagraíocht táirgeoirí nó comharchumann na táirgí talmhaíochta lena mbaineann a sheachadadh ar an eagraíocht táirgeoirí nó ar an gcomharchumann a bhfuil sé ina chomhalta di nó de, ar choinníoll go bhfuil, i reachtanna an chomharchumainn sin, nó sna rialacha agus sna cinntí dá bhforáiltear sna reachtanna sin nó a eascraíonn as na reachtanna sin, forálacha a bhfuil ***cuspóirí*** acu atá comhchosúil leis na forálacha a leagtar amach i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 4; |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 5 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) más micrifhiontar nó fiontar beag é céad-cheannaitheoir na dtáirgí talmhaíochta lena mbaineann de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 5 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) i gcás ina ndéantar an seachadadh agus an íocaíocht as an mbainne nó as na táirgí bainne an tráth céanna;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 6 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) baineann an seachadadh le táirgí ag a bhfuil luach atá cothrom le tairseach luacha ***áirithe***, nó faoi bhun tairsí ***luacha*** áirithe, atá le cinneadh ag an mBallstát, agus ar tairseach í nach rachaidh thar EUR ***10 000;*** | (a) baineann an seachadadh le táirgí a bhfuil a luach cothrom le tairseach, nó faoi bhun na tairsí sin, atá le cinneadh ag an mBallstát, ar tairseach í nach sáróidh EUR ***4 000;*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 6 – pointe a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) más micrifhiontar nó fiontar beag é céad-cheannaitheoir na dtáirgí talmhaíochta lena mbaineann de réir bhrí Mholadh 2003/361/CE;*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 6 – pointe a b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) déantar na táirgí talmhaíochta lena mbaineann a sheachadadh agus a íoc go comhuaineach nó laistigh de 5 lá oibre ar a dhéanaí;*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 6 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Féadfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin d'eagraíocht*** |

***idirchraoibhe a aithnítear faoi Airteagal 157(1) nó d'eagraíocht a mheastar a bheith ionadaíoch den chuid is mó ar earnáil talmhaíochta, cinneadh a dhéanamh earnálacha sonracha áirithe a dhíolmhú ón gceanglas maidir le conradh i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo, cé is moite d'earnáil an bhainne. Beidh feidhm ag an díolúine seo gan dochar do na forálacha a leagtar síos i mír 7 den Airteagal seo.***

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Más rud é, de bhun mhír 5, ***pointí (b), (c) agus*** (d), nó ***mhír*** 6, nach bhfuil gá le conradh i scríbhinn ná le tairiscint i scríbhinn ar chonradh, féadfaidh feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a cheangal go mbeidh aon táirge talmhaíochta a sheachadfar chuig próiseálaí, dáileoir nó miondíoltóir faoi réir conradh i scríbhinn idir na páirtithe nó faoi réir tairiscint i scríbhinn ar chonradh. Comhlíonfaidh an conradh nó an tairiscint sin ar chonradh na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 agus i mír 8, an chéad fhomhír. | 7. Más rud é, de bhun mhír 5, ***pointe (d)***, nó ***mhíreanna*** 6 ***agus 6a***, nach bhfuil gá le conradh i scríbhinn ná le tairiscint i scríbhinn ar chonradh, féadfaidh feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a cheangal go mbeidh aon seachadadh táirgí talmhaíochta chuig próiseálaí, dáileoir nó miondíoltóir faoi réir conradh i scríbhinn idir na páirtithe nó tairiscint i scríbhinn ar chonradh. Comhlíonfaidh an conradh nó an tairiscint sin ar chonradh na coinníollacha a leagtar síos i mír 4 agus i mír 8, an chéad fhomhír. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 8 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I dtaca le gnéithe uile na gconarthaí maidir le táirgí talmhaíochta a sheachadadh a chuirtear i gcrích idir feirmeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí agus próiseálaithe, dáileoirí nó miondíoltóirí, lena n-áirítear na gnéithe sin agus a gcomhpháirteanna dá dtagraítear i mír 4, pointe (c), déanfar iad a chaibidliú go neamhshrianta idir na páirtithe. | I dtaca le gnéithe uile na gconarthaí maidir le táirgí talmhaíochta a sheachadadh a chuirtear i gcrích idir feirmeoirí, eagraíochtaí táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí agus próiseálaithe, dáileoirí nó miondíoltóirí, lena n-áirítear na gnéithe sin agus a gcomhpháirteanna dá dtagraítear i mír 4, pointe (c),***gan dochar do na ceanglais bhreise arna dtabhairt isteach ag na Ballstáit.*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 9

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar cheannaitheoir talmhaíochta na conarthaí i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1 a chlárú sula seachadfaidh an feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí talmhaíochta lena mbaineann chuig próiseálaí, dáileoir nó miondíoltóir ina gcríoch. | 9. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal***, i gcás ina bhfuil údar cuí leis,*** ar cheannaitheoir táirgí talmhaíochta na conarthaí i scríbhinn dá dtagraítear i mír 1 a chlárú sula seachadfaidh an feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí, nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí na táirgí talmhaíochta lena mbaineann chuig próiseálaí, dáileoir nó miondíoltóir ina gcríoch***, cé is moite de tháirgí séasúracha agus meatacha***. |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 168 – mír 10

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Déanfaidh na Ballstáit a úsáidfidh na roghanna dá dtagraítear i ***míreanna 2, 6, 8 agus 9*** fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcaoi ina gcuirtear i bhfeidhm iad. | 10. Déanfaidh na Ballstáit a úsáidfidh na roghanna dá dtagraítear san ***Airteagal seo*** fógra a thabhairt don Choimisiún maidir leis an gcaoi ina gcuirtear i bhfeidhm iad. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 172b

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 172b:*** |
| Airteagal 172b | ***'Airteagal***172b |
| Treoir ó eagraíochtaí idirchraoibhe maidir le díol fíonchaor le haghaidh fíonta le sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint | Treoir ***maidir le praghsanna*** ó eagraíochtaí idirchraoibhe ***agus ó ghrúpaí eagraíochtaí táirgeoirí a aithnítear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143*** maidir le fíonchaora, ***úrfhíonta agus fíonta ar an mórchóir*** a dhíol le haghaidh fíonta a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint acu |
| De mhaolú ar Airteagal 101(1) CFAE, féadfaidh eagraíochtaí idirchraoibhe a aithnítear faoi Airteagal 157 den Rialachán seo agus atá ag feidhmiú in earnáil an fhíona táscairí treorach | De mhaolú ar Airteagal 101(1) CFAE, féadfaidh eagraíochtaí idirchraoibhe a aithnítear faoi Airteagal 157 den Rialachán seo ***agus grúpaí táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE)*** |

neamhéigeantacha praghais maidir le fíonchaora a dhíol chun fíonta le sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint a tháirgeadh a sholáthar ar choinníoll nach gcuireann an treoir sin deireadh le hiomaíocht i ndáil le ***cion*** substaintiúil de na táirgí atá i gceist.

***Uimh. 2024/1143 agus*** a oibríonn in earnáil an fhíona treoirtháscairí neamhéigeantacha praghais a sholáthar maidir le fíonchaora, ***úrfhíonta agus fíonta a dhíol ar an mórchóir a úsáidtear*** chun fíonta a tháirgeadh a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint acu, ar choinníoll nach gcuireann an treoir sin deireadh leis an iomaíocht i ndáil le ***cuid*** shubstaintiúil de na táirgí atá i gceist.’

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 b (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 188 – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6b)*** in ***Airteagal 188, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***“3a. Ní fhéadfar bia agus beatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch a allmhairiú ó thríú tíortha ach amháin má chomhlíonann siad na hoibleagáidí a bhaineann le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha a tháirgtear san Aontas.’*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 c (nua)**
Rialachán (AE) 1308/2013
Airteagal 189 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(6c) in Airteagal 189, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*** |
| 1. Ní fhéadfar na táirgí seo a leanas a allmhairiú isteach san Aontas ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas: | “1. Ní fhéadfar na táirgí seo a leanas a allmhairiú isteach san Aontas ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas: |
| (a) fíorchnáib amh atá faoi chuimsiú chód AC 5302 10 00 agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in ***Airteagal 32(3) agus in Airteagal 35(3)*** de Rialachán (AE) ***Uimh. 1307/2013;*** | (a) fíorchnáib amh atá faoi chuimsiú chód AC 5302 10 00 agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) ***2021/2115;*** |
| (b) síolta de chineálacha cnáibe atá faoi chuimsiú chód AC ex 1207 9920, ar síolta iad atá le cur, agus cruthúnas ag gabháil leo nach sáraíonn leibhéal teitrihidreacannaibionóil an chineáil atá i gceist an leibhéal a shocraítear i gcomhréir le ***hAirteagal 32(6) agus le hAirteagal 35(3) de*** Rialachán (AE) ***Uimh. 1307/2013;*** | (b) síolta de chineálacha cnáibe atá faoi chuimsiú chód AC ex 1207 9920, ar síolta iad atá le cur, agus cruthúnas ag gabháil leo nach sáraíonn leibhéal teitrihidreacannaibionóil an chineáil atá i gceist an leibhéal a shocraítear i gcomhréir le Rialachán (AE) ***2021/2115 ;*** |
| (c) síolta cnáibe nach bhfuil le cur, faoi chuimsiú chód AC 1207 99 91 agus a allmhairítear ag allmhaireoirí a bhfuil údarú acu ón mBallstát agus acu sin amháin chun a áirithiú nach bhfuil sé beartaithe na síolta sin a chur. | (c) síolta cnáibe seachas le cur, a thagann faoi chuimsiú chód AC 1207 99 91 agus a allmhairíonn allmhaireoirí arna n-údarú ag an mBallstát amháin chun a áirithiú nach bhfuil sé beartaithe na síolta sin a chur; |
| | ***(ca) bairr bhláthaithe cnáibe lena ngabhann cruthúnas nach sáraíonn leibhéal teitrihidreacannaibionóil an chineáil lena mbaineann an leibhéal a shocraítear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2115 agus nach n-allmhairíonn ach allmhaireoirí atá údaraithe ag an mBallstát iad.’*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 210a – mír 3 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tacú le hinmharthanacht eacnamaíoch ***feirmeacha beaga a bhraitheann den chuid is mó ar shaothar*** teaghlaigh ag a bhfuil aschur caighdeánach mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle nach rachaidh thar EUR 100 000; | (d) tacú le hinmharthanacht eacnamaíoch ***feirmeacha*** beaga ***agus*** feirmeacha teaghlaigh a bhfuil aschur caighdeánach acu mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (8), de Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009[11] ón gComhairle[11] nach sáróidh EUR 100 000; |
| _____ | _____ |
| [11] Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena mbunaítear an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme (IO L 328, 15.12.2009, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1217/oj). | [11] Rialachán (CE) Uimh. 1217/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 lena mbunaítear an Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme (IO L 328, 15.12.2009, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1217/oj). |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 210a – mír 3 – pointe f a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) táirgeadh talmhaíochta áitiúil a chur chun cinn;*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 3 – mír 1 – pointe f b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fb) comhbhainistiú dramhaíola a bhaineann go díreach le táirgeadh talmhaíochta agus úsáid níos fearr a bhaint as eisiltigh bheostoic agus as táirgeadh fuinnimh;*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 210a – mír 3 – pointe f c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fc) ioncam cobhsaí agus cothrom a ráthú lena gcumhdaítear costais táirgthe agus seasamh láidir ar fud an tslabhra luacha d'fheirmeoirí;*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 210a – mír 3 – pointe f d (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fd) infheistíochtaí a chur i bhfeidhm chun acmhainní uisce a úsáid;*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 210a – mír 3 – pointe f e (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fe) rannchuidiú le héagsúlú gníomhaíochtaí lena gcuirtear an geilleagar tuaithe chun cinn, le forbairt agus tarraingteacht na gceantar tuaithe;*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 210a – mír 3 – pointe f (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ff) oidhreacht chultúrtha agus ghastranómach a chur chun cinn chun oideachas a chothú maidir le hábhair a bhaineann le haistí bia cothroma;*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 210a – mír 3 – pointe f g (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fg) cleachtais táirgthe thraidisiúnta a chaomhnú maidir le slándáil bia agus*** |

***biafhlaitheas;***

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 210a – mír 6 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ón [teacht i bhfeidhm +2 bhliain], féadfaidh táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1 tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht comhaontuithe, cinntí agus cleachtas comhbheartaithe dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le cur chun feidhme caighdeán inbhuanaitheachta arb é is aidhm dóibh rannchuidiú le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí a leagtar síos i mír 3, pointí (d), (e) ***agus*** (f), leis an Airteagal seo. | Ón [teacht i bhfeidhm +2 bhliain], féadfaidh táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1 tuairim a iarraidh ar an gCoimisiún maidir le comhoiriúnacht comhaontuithe, cinntí agus cleachtas comhbheartaithe dá dtagraítear i mír 1 i ndáil le cur chun feidhme caighdeán inbhuanaitheachta arb é is aidhm dóibh rannchuidiú le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí a leagtar síos i mír 3, pointí (d) ***go (fd),*** leis an Airteagal seo. |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 210 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) cuirtear an Airteagal seo a leanas isteach:*** |
| | ***“Airteagal 210b*** |
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighfear conarthaí soláthair arna ndámhachtain faoi nósanna imeachta soláthair phoiblí ó tháirgí talmhaíochta agus bia de thionscnamh an Aontais, go*** |

***háirithe táirgí áitiúla agus séasúracha, leis an aidhm cáilíocht, inbhuanaitheacht agus sábháilteacht bia táirgí talmhaíochta Eorpacha a fheabhsú.***

***Tabharfar tosaíocht do tháirgí a thairbhíonn de thásca geografacha faoi chosaint, de shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus de shainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht i gcur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin.***

***Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, lena leagtar síos na coinníollacha maidir leis an Airteagal seo a chur i bhfeidhm, lena n-áiritheofar comhlíonadh rialacha an Aontais.”***

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 b (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 219 – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7b) in Airteagal 219, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***‘3a. I gcás ina dtiteann praghas an mhargaidh faoi thairseach sholúbtha áirithe atá innéacsaithe go meánchostais táirgthe agus arna socrú ag Faireachlann an Aontais um an Slabhra Agraibhia (AFCO), cuirfidh an Coimisiún chun feidhme, ar bhonn na staide sa mhargadh agus san earnáil i dtrácht, bearta tacaíochta do*** |

***tháirgeoirí san earnáil lena mbaineann a laghdaíonn a seachadtaí go deonach thar thréimhse shonraithe i gcomparáid leis an tréimhse chéanna sa bhliain roimhe sin, agus na ceanglais seo a leanas á gcomhlíonadh acu:***

***(a) deonófar an tacaíocht ar bhonn iarratas arna gcur isteach ag táirgeoirí ina mBallstát bunaíochta, agus úsáid á baint as an modh arna bhunú ag an mBallstát i dtrácht;***

***(b) chun a áirithiú go gcuirfear an córas sin chun feidhme go héifeachtach agus go cuí, bunóidh an Coimisiún, ar bhonn sonraí arna soláthar ag AFCO:***

***(i) uasmhéid iomlán nó cainníocht iomlán na seachadtaí atá le laghdú ar leibhéal an Aontais faoin scéim laghdaithe;***

***(ii) ré na tréimhse um laghdú agus, más gá, fadú na tréimhse sin;***

***(iii) méid na tacaíochta, bunaithe ar mhéid nó ar chainníocht an laghdaithe agus ar na socruithe chun é a mhaoiniú;***

***(iv) na critéir incháilitheachta is infheidhme maidir le hiarratasóirí agus iarratais;***

***(v) na coinníollacha sonracha maidir leis an gcóras a chur chun feidhme.***

***Aon táirgeoir a sheachadann méid níos mó ná an méid a sholáthair siad le linn na tréimhse tagartha, íocfaidh sé tobhach freagrachta margaidh a bheidh comhréireach lena***

| | |
|---|---|
| | ***mbarrachas táirgeachta le linn an chláir laghdaithe dheonaigh.'*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 222 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) a dtáirgí a tharraingt siar ón margadh nó a dháileadh saor in aisce; | (a) a dtáirgí a tharraingt siar ón margadh nó a dháileadh saor in aisce, ***lena n-áirítear ar chomhlachtaí carthanais;*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 222 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) barrachas táirgí orgánacha a dhí-aicmiú le haghaidh margaí traidisiúnta;*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 222 – mír 1 – fomhír 1 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) pleanáil shealadach táirgthe agus cineál sonrach an timthrialla táirgthe á chur i gcuntas; | (g) pleanáil shealadach táirgthe agus cineál sonrach an timthrialla táirgthe á chur i gcuntas, ***go*** |

***háirithe táirgí meatacha.***

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 222 – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina nglacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den Airteagal seo, féadfaidh sé a chinneadh tacaíocht ón Aontas as an gcúlchiste talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/2116 a chur ar fáil do na Ballstáit lena mbaineann. Leis an tacaíocht airgeadais sin, soláthrófar na hacmhainní is gá chun go gcuirfidh na hoibreoirí lena mbaineann na comhaontuithe agus na cinntí sin chun feidhme. | I gcás ina nglacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den Airteagal seo, féadfaidh sé a chinneadh tacaíocht ón Aontas ón gcúlchiste talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/2116 a chur ar fáil ***do na Ballstáit lena mbaineann, agus an deis aige an tacaíocht sin a shlógadh láithreach i gcás géarchéime, ar choinníoll go ndearna sé measúnú ar dtús ar indéantacht na tacaíochta sin.*** Leis an tacaíocht airgeadais sin, soláthrófar na hacmhainní is gá chun go gcuirfidh na hoibreoirí lena mbaineann na comhaontuithe agus na cinntí sin chun feidhme. ***Áiritheoidh an Coimisiún nach gcuirfidh úsáid cistí chun tacú le gníomhaíochtaí faoi na gníomhartha cur chun feidhme sin isteach ar íocaíochtaí díreacha. Más gá, cuirfidh an Coimisiún cistiú eile ón Aontas ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí faoin bhfomhír seo.*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 a (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 222a – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a)*** in ***Airteagal 222a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*** |
| 2. Féadfaidh an Coimisiún cé na hearnálacha talmhaíochta as measc na gcinn a liostaítear in Airteagal 1(2) ina mbunófar faireachlanna margadh an Aontais a chinneadh. | "2. Féadfaidh an Coimisiún cé na hearnálacha talmhaíochta as measc na gcinn a liostaítear in Airteagal 1(2) ina mbunófar faireachlanna margadh an Aontais a chinneadh. ***Féadfaidh sé a chinneadh freisin idirdhealú a dhéanamh idir táirgeadh orgánach agus táirgeadh neamhorgánach."*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 b (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Airteagal 222b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8b) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:*** |
| | ***'Airteagal 222ba*** |
| | ***Pleananna chun suaitheadh sa mhargadh a chosc agus a bhainistiú*** |
| | ***1. Chun cuspóirí CBT a leagtar síos in Airteagal 39 CFAE a chomhlíonadh, go háirithe an cuspóir na margaí a chobhsú, tarraingeoidh an Coimisiún suas pleananna maidir le suaitheadh sa mhargadh a chosc agus a bhainistiú, ina leagfar amach a straitéis idirghabhála le haghaidh gach táirge*** |

***talmhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 1 den Rialachán seo.***

***2. Bunóidh an Coimisiún a straitéis idirghabhála ar obair fhaireachlanna margaidh an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 222a.***

***3. I gcás suaitheadh sa mhargadh, déanfaidh an Coimisiún na bearta eisceachtúla dá bhforáiltear i gCaibidil I de Chuid V, i gcás inarb infheidhme, sa bhreis ar na bearta idirghabhála margaidh dá bhforáiltear i dTeideal I de Chuid II, a shlógadh ar bhealach tráthúil agus éifeachtúil, d'fhonn cothromaíocht sa mhargadh lena mbaineann a athbhunú go tapa agus na freagairtí is iomchuí a sholáthar do gach ceann de na hearnálacha lena mbaineann.***

***4. Bunóidh an Coimisiún creat feidhmíochta chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na pleananna chun suaitheadh sa mhargadh a chosc agus a bhainistiú le linn a gcur chun feidhme, agus chun na tuarascálacha comhfhreagracha a ullmhú.***

***5. Faoin 30 Samhain gach bliain, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme na bpleananna chun suaitheadh sa mhargadh a chosc agus a bhainistiú agus maidir leis na feabhsuithe a rinneadh ar a straitéis idirghabhála. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach bliain, agus beidh sé d'aidhm aici***

***meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an phlean maidir le tionchar, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas na n-uirlisí dá bhforáiltear sa Rialachán seo, agus scrúdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann an Coimisiún as a shainchumais agus as an mbuiséad maidir le faireachán, cosc agus bainistiú a dhéanamh ar shuaitheadh sa mhargadh.';***

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 c (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Iarscríbhinn I – cuid XII a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8c) In Iarscríbhinn I, cuirtear an chuid seo a leanas isteach:*** |
| | ***'CUID XIIa*** |
| | ***Fínéagar*** |
| | ***Áirítear in earnáil na bhfínéagar táirgí seachas fínéagar fíona a liostaítear sa tábla seo a leanas:*** |
| | ***Cód AC*** |
| | ***2209 00 91 agus 2209 00 99*** |
| | ***Tuairisc*** |
| | ***Fínéagar torthaí, lena n-áirítear fínéagar cíobhaí, nó fínéagar fíona torthaí, fínéagar caora nó fínéagar fíona caor, fínéagar leann úll, fínéagar biotáille, fínéagar gráin, fínéagar braiche, fínéagar braiche driogtha, fínéagar meala, fínéagar*** |

***blaistithe';***

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 d (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Iarscríbhinn II – Cuid III a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8d) in Iarscríbhinn I, cuirtear isteach an Chuid seo a leanas:*** |
| | ***'CUID IIIa*** |
| | ***Sainmhínithe a bhaineann le hearnáil na cnáibe*** |
| | ***Ciallaíonn "cnáib" an planda Cannabis sativa L., de chineálacha a liostaítear sa Chatalóg Choiteann de Chineálacha de Speicis Plandaí Talmhaíochta a fhástar dá shíolta, dá bhláthanna, dá shnáithíní, dá sceana agus dá fhréamhacha.***' |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 e (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Iarscríbhinn II – cuid IV a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8e) in Iarscríbhinn I, cuirtear isteach an Chuid seo a leanas:*** |
| | ***'Cuid IVa*** |
| | ***Sainmhíniú a bhaineann leis an earnáil fínéagair*** |
| | ***1. Ní úsáidfear an t-ainm 'fínéagar' ach amháin le haghaidh táirge a fhaightear go heisiach trí phróiseas*** |

***bitheolaíoch an choipthe dhúbailte, an choipthe alcólaigh agus an choipthe aicéitigh, ó leachtanna nó ó shubstaintí eile de thionscnamh talmhaíochta. Cuirfear an t-amhábhar a úsáideadh in iúl i gcónaí ina dhiaidh sin. Cé is moite de thagairtí do chomhábhair a bhfuil airíonna blaistithe acu, tá toirmeasc ar gach tásc breise.***

***2. D'ainneoin mhír 1 den Chuid seo, féadfaidh an t-ainm 'fínéagar' a bheith ina chuid de shonrúchán tionscnaimh faoi chosaint nó de thásc geografach faoi chosaint atá cláraithe agus atá faoi chosaint faoi Rialachán (AE) 2024/1143, agus sa chás sin úsáidfear é i gcomhréir leis na rialacha sonracha dá bhforáiltear leis na sonraíochtaí táirge agus na rialacháin ábhartha.***

***3. Ní úsáidfear an t-ainm 'fínéagar' le haghaidh meascáin d'fhínéagar agus de ghrád bia aigéid aicéitigh.***

***4. Tabharfar cion aigéid aicéitigh fínéagair, arna shloinneadh mar a n-aigéadacht iomlán in g/100 ml, ar an lipéad mar '.... % aigéadacht'.';***

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 f (nua)**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Iarscríbhinn VIII – cuid II a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|

***(8f) In Iarscríbhinn VIII, cuirtear isteach an chuid seo a leanas:***

***'Cuid IIa***

***Feoil, táirgí feola agus ullmhóidí feola***

***1. Chun críocha na coda seo, ciallaíonn 'feoil' codanna inite de na hainmhithe dá dtagraítear i bpointí 1.2 go 1.8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004, lena n-áirítear fuil. Forchoimeádfar na téarmaí agus na hainmneacha a bhaineann le feoil a thagann faoi Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 agus a úsáidtear faoi láthair le haghaidh feola agus gearrthacha feola go heisiach do chodanna inite na n-ainmhithe.***

***2. Ciallaíonn 'ullmhóidí feola' feoil úr, lena n-áirítear feoil a laghdaíodh go blúirí, ar cuireadh bia-ábhair, blastanais nó breiseáin léi, nó a cuireadh faoi phróisis nach n-athraíonn struchtúr inmheánach snáithíní matáin na feola go leor chun saintréithe na feola úire a dhíothú.***

***3. Ciallaíonn 'táirgí feola' táirgí próiseáilte a eascraíonn as feoil a phróiseáil nó as tuilleadh próiseála a dhéanamh ar na táirgí próiseáilte sin, ionas go léiríonn an dromchla gearrtha nach bhfuil saintréithe feola úire ag an táirge a thuilleadh. Ainmneacha a thagann faoi Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 agus a úsáidtear faoi láthair le***

***haghaidh táirgí feola agus ullmhóidí feola, forchoimeádfar iad go heisiach le haghaidh táirgí ina bhfuil feoil.***

***Áirítear ar na hainmneacha sin, mar shampla:***

***- Stéig***

***- Scalóip***

***- Ispíní***

***- Burgar (/mairteola)***

***- Burgar (/mairteola)***

***- Buíocán uibhe***

***- Gealacán uibhe.***

***4. Na táirgí éanlaithe clóis agus na gearrthacha éanlaithe clóis a shainítear i Rialachán (AE) Uimh. 543/2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin mhargaíochta le haghaidh feoil éanlaithe clóis, forchoimeádfar iad go heisiach do na codanna inite d'ainmhithe agus de tháirgí ina bhfuil feoil éanlaithe clóis.***

***5. Ní úsáidfear na hainmneacha thuasluaite le haghaidh aon táirge seachas na táirgí dá dtagraítear agus ní áireofar leo táirgí cilleshaothraithe.'***

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe b**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Iarscríbhinn X – pointe I – pointe 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh fad ilbhliantúil a bheith ag baint leis na conarthaí seachadta. ***I gcás conarthaí ar faide ná 6 mhí a bhfad íosta, beidh clásal um athbhreithniú iontu a fhéadfaidh an feirmeoir, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochtaí táirgeoirí a spreagadh.*** | 2. Féadfaidh fad ilbhliantúil a bheith ag baint leis na conarthaí seachadta. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe c**
Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013
Iarscríbhinn X – pointe II – pointe 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar an praghas a ríomh trí fhachtóirí éagsúla a chur le chéile a leagtar amach sa chonradh, a mbeidh táscairí oibiachtúla, innéacsanna nó modhanna ríofa an phraghais deiridh ar áireamh iontu, atá inrochtana go héasca agus sothuigthe agus a léiríonn athruithe ar dhálaí an mhargaidh ***agus*** ar chostais táirgthe, an toirt arna seachadadh agus cáilíocht nó comhshuíomh ***an bhiatais siúcra*** arna sheachadadh. Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit táscairí a chinneadh, i gcomhréir le critéir oibiachtúla bunaithe ar staidéir arna ndéanamh ar tháirgeadh agus ar shlabhra an tsoláthair bia. ***Tá*** sé de shaoirse ag na páirtithe sna conarthaí tagairt a dhéanamh do na táscairí sin nó d'aon táscairí eile a mheasann siad a bheith ábhartha. | Ríomhfar an praghas trí fhachtóirí éagsúla ***oibiachtúla, infhíoraithe agus neamh-inláimhsithe a leagtar amach sa chonradh a chomhcheangal, lena n-áireofar*** táscairí oibiachtúla, innéacsanna nó modhanna ríofa an phraghais deiridh, atá inrochtana go héasca agus sothuigthe agus a léiríonn athruithe ar dhálaí an mhargaidh***, boilsciú, costais iomlána*** táirgthe***, lena n-áirítear luach saothair feirmeoirí, na costais iomlána le haghaidh seirbhísí breise***, na cainníochtaí arna seachadadh agus cáilíocht nó comhdhéanamh ***na dtáirgí talmhaíochta*** arna seachadadh***.*** Chuige sin, féadfaidh na Ballstáit ***nó na húdaráis réigiúnacha*** táscairí ***a chinneadh , a fhoilseofar ar líne lena n-úsáid*** |

| | |
|---|---|
| | ***i gconarthaí***, i gcomhréir le critéir oibiachtúla bunaithe ar staidéir arna ndéanamh ar tháirgeadh agus ar shlabhra an tsoláthair bia***, ar shonraí arna soláthar ag na heagraíochtaí idirchraoibhe a aithnítear i gcomhréir le hAirteagal 157(1), nó ar shonraí ó Fhaireachlann an Aontais um an Slabhra Agraibhia***. ***Beidh sé*** de shaoirse ag na páirtithe sna conarthaí tagairt a dhéanamh do na táscairí sin nó d'aon táscairí eile a mheasann siad a bheith ábhartha. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe b**
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 52 – mír 5a – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5a. Déanfar an teorainn 50 % dá bhforáiltear i mír 1 a mhéadú go ***60*** % i gcás caiteachas atá nasctha leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 46, pointí (a), (b) nó (c), má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas: | 5a. Déanfar an teorainn 50 % dá bhforáiltear i mír 1 a mhéadú go ***70*** % i gcás caiteachas atá nasctha leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 46, pointí (a), (b) nó (c), má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas: |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe b**
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 52 – mír 5a – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) déantar na hinfheistíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) ag | (b) déantar na hinfheistíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) ag |

| | |
|---|---|
| áitreabh na bhfeirmeoirí óga sin nó na bhfeirmeoirí nua sin mar chuid dá gcéad chlár oibríochtúil.’; | áitreabh na bhfeirmeoirí óga sin nó na bhfeirmeoirí nua sin ***nó i gcás earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, táirgeoirí a théann isteach in eagraíocht táirgeoirí a aithnítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 den chéad uair,*** mar chuid dá gcéad chlár oibríochtúil ***agus le linn na 7 mbliana tar éis an dáta a chuaigh feirmeoirí óga nó feirmeoirí nua isteach san eagraíocht táirgeoirí***. |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe c a (nua)**
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 52 – mír 7 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***“7a. Féadfar na forálacha i mír 7 den Airteagal seo a leathnú chuig na táirgí go léir a chumhdaítear le hAirteagail 42 go 68.”*** |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3**
Rialachán (AE) 2021/2115
Airteagal 88 – mír 7 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ó 2025 ar aghaidh, féadfaidh na Ballstáit a gcinntí dá dtagraítear i mír 6 a athbhreithniú mar chuid d’iarraidh ar leasú ar a bPlean | Ó 2025 ar aghaidh, féadfaidh na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a gcinntí dá dtagraítear i mír 6 mar chuid |

| | |
|---|---|
| Straitéiseach CBT arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 119 agus féadfaidh siad a chinneadh suas le 6 % dá leithdháiltí a úsáid le haghaidh íocaíochtaí díreacha arna leagan amach in Iarscríbhinn V, i gcás inarb ábhartha, tar éis na leithdháiltí le haghaidh cadáis a asbhaint arna leagan amach in Iarscríbhinn VIII, le haghaidh cineálacha idirghabhála in earnálacha eile dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III, Roinn 7. | d'iarraidh ar leasú ar a bPleananna Straitéiseacha CBT arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 119 agus cinneadh a dhéanamh suas le 6 % dá leithdháiltí a úsáid le haghaidh íocaíochtaí díreacha a leagtar amach in Iarscríbhinn V, i gcás inarb ábhartha tar éis na leithdháiltí le haghaidh cadáis a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a asbhaint, le haghaidh cineálacha idirghabhála in earnálacha eile dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil III, Roinn 7***, ar choinníoll nach ndéanfaidh an cinneadh sin dochar do leibhéal na tacaíochta bunúsaí ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta***. |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 a (nua)**
Rialachán (AE) 2024/1143
Airteagal 37 – mír 5

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 3a*** |
| | ***Leasú ar Rialachán (AE) 2024/1143*** |
| | ***In Airteagal 37, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:*** |
| 5. I gcás ina n-ainmneofar táirgí talmhaíochta le tásc geografach, beidh tásc ar ainm an táirgeora nó an oibreora ar an lipéadú, le feiceáil sa réimse céanna radhairc leis an tásc geografach. Sa chás sin, tuigfear gurb é ainm an oibreora ainm an oibreora atá freagrach as an gcéim táirgthe ag a bhfuarthas an táirge atá le cumhdach leis an tásc | "5. I gcás ina n-ainmneofar táirgí talmhaíochta le tásc geografach, beidh tásc ar ainm an táirgeora nó an oibreora ar an lipéadú, le feiceáil sa réimse céanna radhairc leis an tásc geografach. Sa chás sin, tuigfear gurb é ainm an oibreora ainm an oibreora atá freagrach as an gcéim táirgthe ag a bhfuarthas an táirge atá le cumhdach leis an tásc |

geografach, nó atá freagrach as mórphróiseáil a dhéanamh ar an táirge sin.

***I gcás deochanna biotáilleacha arna n-ainmniú le tásc geografach, beidh tásc ar ainm an táirgeora le feiceáil ar an lipéadú, sa réimse céanna radhairc leis an tásc geografach.***

I gcás pacáistíochta nó coimeádáin ar a ndromchla is mó a thuairiscítear in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, is ar bhonn deonach a léireofar ainm an táirgeora nó an oibreora.

Táirgí talmhaíochta ***agus deochanna biotáilleacha*** a mhargaítear faoi thásc geografach agus ar cuireadh lipéad orthu roimh an 14 Bealtaine 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh gan an oibleagáid ainm an táirgeora nó an oibreora a léiriú sa réimse céanna radhairc leis an tásc geografach a chomhlíonadh, go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

geografach, nó atá freagrach as mórphróiseáil a dhéanamh ar an táirge sin.

I gcás pacáistíochta nó coimeádáin ar a ndromchla is mó a thuairiscítear in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011, is ar bhonn deonach a léireofar ainm an táirgeora nó an oibreora.

Táirgí talmhaíochta a mhargaítear faoi thásc geografach, ar cuireadh lipéad orthu roimh an 14 Bealtaine 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh gan an oibleagáid a chomhlíonadh ainm an táirgeora nó an oibreora a léiriú sa réimse radhairc céanna leis an tásc geografach, go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.’